Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Gnó

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2017

# SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

# ARDLEIBHÉAL

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2017**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**ROINN 1**
**(80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. | 3+2+2+2+1 | 10 |
| 2. | 3+2+2+2+1 | 10 |
| 3. | 3+2+2+2+1 | 10 |
| 4. | 3+2+2+2+1 | 10 |
| 5. | 3+2+2+2+1 | 10 |
| 6. | (3+3) + (2+2) | 10 |
| 7. | (a) (3+3) (b) (2+2) | 10 |
| 8. | (a) (2+2+1+1) (b) (2+2) | 10 |
| 9. | (a) (3+3) (b) (2+2) | 10 |
| 10. | (3+3) + (2+2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **80** |

**ROINN 2**
**(80 marc)**
**Pictiúrlann an Pháláis Teo.**

| **Ceist Ar An nGnó Feidhmeach (Aonaid 4,5,6)<br>Ní mór an cheist seo a fhreagairt.** | | | **Uas Mharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Déan cur síos ar an gcaoi a rialaíonn **agus** a spreagann an rialtas an gnó, agus tagairt agat do Phictiúrlann an Pháláis Teo.<br><br>Gníomh, míniú agus nasc ábhartha | 3@ 7+7+6<br>((2+3+2) (2+3+2) (2+3+1) | 20 marc |
| **(B)** | Déan anailís ar na slite a dtéann athruithe ar riachtanais an chustaiméara i bhfeidhm ar **chumasc margaíochta** Phictiúrlann an Pháláis Teo.<br><br>Ainmnigh an ghné, mínigh an ghné nó an chúis ar athraigh an ghné, agus an nasc ábhartha | 2@9 (3+3+3)<br><br>2@6 (2+2+2) | 30 marc |
| **(C)** | (i) Tabhair breac-chuntas achomair ar an difríocht idir 'bainisteoir **rialtóra**' agus 'bainisteoir **éascaitheora**'.<br><br>(ii) Déan measúnú ar chur chuige Shiobhán maidir le féile scannán James Bond 2017 a bhainistiú.<br><br>Evaluation: | (5+5)<br><br>3@6(2+2+2)<br><br>2m | 30 marc |
| **Roinn 2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80 marc** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

## Roinn 3
## (240 marc)

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

### Cuid 1

### Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

| Ceist 1<br>Daoine sa Ghnó | | | Uas mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh an téarma **caidreamh comhoibritheach** idir na páirtithe leasmhara sa ghnó.<br><br>(ii) Déan cur síos ar shampla **amháin** de chaidreamh comhoibritheach a d'fhéadfadh a bheith ann idir **gach** péire de na páirtithe leasmhara seo a leanas:<br>• Fostóir agus fostaí<br>• Infheisteoir agus bainisteoir i ngnólacht<br>• Táirgeoir agus tomhaltóir.<br><br>Tairbhe do gach páirtí leasmhar de dhíth. | (2+3)<br><br>3@5(2+3) | 20 |
| **(B)** | Déan measúnú ar **idirbheartaíocht**, **idir-réiteach** agus **eadráin** mar mhodhanna chun coinbhleacht thionsclaíoch san ionad oibre a réiteach.<br><br>Measúnú | 3@6(3+3)<br><br>2m | 20 |
| **(C)** | (i) Ainmnigh an t-acht a thugann cosaint do thomhaltóirí a cheannaigh an Samsung Galaxy Note 7.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhoráil san acht maidir le cearta reachtúla (dlíthiúla) tomhaltóra i dtaca leis an Samsung Galaxy Note 7.<br><br>Ainmnigh an fhoráil agus mínigh a fhoráil.<br><br>(Riocht Díolta pointe éigeantach.) | 2 mharc<br><br>3@6(3+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 2<br>**Timpeallacht Intíre** | | | **Uas mharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Déan plé ar na dúshláin atá roimh ghnólachtaí san earnáil threasach (seirbhísí) in Éirinn.<br>Tagairt shonrach don tionscal/ghnó san earnáil threasach (seirbhísí) de dhíth le haghaidh 1 mhairc. | 3@5(2+2+1) | 15 |
| **(B)** | (i) Mínigh an téarma **cód eitice.**<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do gnólacht a bhaineann le cód eitice a thabhairt isteach.<br>Teastaíonn ceann **amháin** ar a laghad de gach aon cheann. | 5m<br><br>7(4+3) +4(2+2) +4(2+2) | 20 |
| **(C)** | (i) Sainmhínigh an téarma **príobháidiú**.<br><br>(ii) Déan measúnú ar bhuntáistí **agus** ar dhúshláin an phríobháidithe do gheilleagar na hÉireann.<br>Teastaíonn ceann amháin ar a laghad de gach aon cheann.<br><br>Measúnú | 8m (4+4)<br><br>3@5(2+3)<br><br><br><br>2m | 25 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist 3<br>Timpeallacht Idirnáisiúnta</th><th>Uas-<br>mharc</th></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Easpórtálacha Dofheicthe: €101,750 milliún<br>Iompórtálacha Dofheicthe: €109,376 milliún<br>Easpórtálacha Iomlána: €194,366 milliún<br>Iompórtálacha Iomlána: €171,534 milliún<br><br>(i) Déan Comhardú na Trádála a ríomh agus na figiúirí thuas á n-úsáid agat.<br>(Taispeáin do chuid oibre.)<br><br>(ii)Sainmhínigh an téarma taraif agus mínigh an tslí a bhféadfadh dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann dá ngearrfadh Rialtas na Ríochta Aontaithe taraif ar earraí Éireannacha san am atá le teacht.</td><td>Ríomh<br>Easpórtálacha sofheicthe: 4 mharc<br>Iompórtálacha sofheicthe: 4 mharc<br>Freagra: 5 mharc (4+1) (freagra/barrachas)<br><br>Taraif (4+2)<br><br>Tionchar (4+2)</td><td>25</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Déan plé ar na bealaí dáileacháin éagsúla a d'fhéadfadh gnólachtaí Éireannacha a chur san áireamh nuair a bhíonn a gcuid táirgí á seoladh acu ar mhargaí idirnáisiúnta.</td><td>7(4+3)+4(2+2)+4(2+2)</td><td>15</td></tr>
<tr><td>(C )</td><td>Ar cheart go bhfágfadh Éire an tAontas Eorpach?<br><br>Tabhair breac-chuntas ar na fáthanna le do fhreagra.</td><td>2m<br><br>3 @ 6(3+3)</td><td>20</td></tr>
<tr><td></td><td>Marcanna atá ar fáil</td><td></td><td>60</td></tr>
</table>

## Roinn 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

| Ceist 4<br>Fiontraíocht/Bainistíocht | | | Uas-mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na tréithe/scileanna a shamhlófá le fiontraithe. | 4 @ 5 (2+3) | 20 |
| **(B)** | Mínigh na buntáistí a bhaineann gnólacht as bainisteoir atá ina c(h)umarsáidí éifeachtach a bheith aige. | 4 @ 5 (3+2) | 20 |
| **(C)** | Ón eolas atá agat ar **na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**, dréachtaigh **tuairisc** ó Eimear Ní Cheallaigh chuig an Stiúrthóir Bainistíochta, Risteard Ó Dálaigh, a thugann breac-chuntas ar oibleagáidí Mhainéar Bective dá gcustaiméirí maidir le cosaint sonraí. (Úsáid dáta an lae inniu.) | **Formáid: (6 mharc)**<br>Teideal: 1m<br>Chuig: 1m<br>Ó: 1m<br>Dáta: 1m<br>Téarmaí Tagartha: 1m<br>Torthaí/oibleagáid: 1m<br>(6 cheannteideal éigeantach)<br>**Ábhar: (14 mharc)**<br>Trí phointe ábhartha ag teastáil:<br>3 phointe @5+5+4 | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 5<br>Gnó i nGníomh | | | Uas-<br>Mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Déan cur síos ar na céimeanna i bpróiseas forbartha táirge nua chomh fada le forbairt fréamhshamhla (**agus forbairt na fréamhshamhla san áireamh)**.<br><br>Déan tagairt don fheithicil AeroMobil 3.0 i do fhreagra.<br><br>(Ní mór go mbeadh na céimeanna san ord ceart chun marcanna iomlána a bhronnadh.) | 5@5(2+2+1) | 25 |
| **(B)** | Mínigh na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh nuair a bhíonn táirge á dhearadh. | 3@5(2+3) | 15 |
| **(C)** | (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchodanna a bhíonn i bplean gnó.<br><br>(ii) Mínigh an tábhacht atá le plean gnó do **dhá** pháirtí leasmhara éagsúla. | 3@4(2+2)<br><br>2@4(2+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist 6<br>Bainistíocht</th><th>Uas-<br>Mharc</th></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar na luachanna saothair a úsáidtear chun fostaithe a spreagadh.<br>Ainmnigh, Mínigh<br><br>Toisc go bhfuil an focal 'airgeadais' fágtha ar lár sa leagan Gaeilge den scrúdpháipéar, glactar le luach saothair airgeadais agus neamhairgeadais a úsáidtear chun fostaithe a spreagadh mar fhreagra bailí sna scripteanna Gaeilge.</td><td>3@5(2+3)</td><td>15</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Ríomhanna:<br>(i) Corrlach an Ghlanbhrabúis:<br>(ii) Cóimheas Reatha<br>(iii) Toradh ar Infheistíocht<br>(iv) Cóimheas Fiachais/Cothromais</td><td>
<table>
<tr><th>Foirmle:</th><th>Oibriú amach:</th><th>Freagra:</th><th>Iomlán:</th></tr>
<tr><td>1</td><td>1,1</td><td>1</td><td>4</td></tr>
<tr><td>1</td><td>1,1</td><td>1</td><td>4</td></tr>
<tr><td>1</td><td>1,1,1,1</td><td>1</td><td>6</td></tr>
<tr><td>1</td><td>1,1,1</td><td>2</td><td>6</td></tr>
</table>
</td><td>20</td></tr>
<tr><td>(C)</td><td>(i) Déan anailís ar bhrabúsacht agus ar leachtacht Dhearadh Cónochta Teo. in 2016, agus tú ag tagairt do thorthaí 2015 a thaispeántar sa bhosca thuas.<br><br>(ii) Ar chóir do Dhearadh Cónochta Teo. a ghnó a leathnú?<br><br>Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin le do fhreagra.<br><br>(iii) Tabhair breac-chuntas ar dhá theorainn a bhaineann le cóimheasa a úsáid chun anailís a dhéanamh ar chuntais deiridh gnólachta.</td><td><u>Brabúsacht:</u> 8m<br>Treocht Chorrlach an Ghlanbhrabúis, 2m<br>Treocht an Toraidh ar Infheistíocht, 2 m<br><br>Anailís ar an dá threochtaí 2mharc+ 2mharc<br><br><u>Leachtacht</u>: 6m<br><br>Treocht, 2 mharc<br>Anailís ar an threocht (2 + 2) mharc<br><br>2m<br><br>3m<br><br>6m (4+2)</td><td>25</td></tr>
<tr><td></td><td>Marcanna atá ar fáil</td><td></td><td>60</td></tr>
</table>

| Ceist 7<br>Bainistíocht/Gnó i nGníomh | | | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh an téarma **margadh nideoige** agus tú ag tagairt d'Éadaí Fantaisíochta Teo.<br><br>(ii) Léirigh na himpleachtaí do ghnólacht a bhaineann le bheith ag feidhmiú i margadh nideoige. | (5+1)<br><br>7(4+3)+7(4+3) | 20 |
| **(B)** | (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** straitéis phraghsála a d'fhéadfadh bainisteoir margaíochta a chur san áireamh nuair a bhíonn praghas díolta táirge nó seirbhíse á shocrú.<br><br>(ii)Ainmnigh straitéis phraghsála **amháin** a bheadh oiriúnach do tháirge nó do sheirbhís de do rogha féin agus mínigh an chúis le do rogha straitéis phraghsála.<br><br>Straitéis Praghsála Oiriúnach + táirge/seirbhís roghnaithe.<br><br>Mínigh oiriúnacht do tháirge/ do sheirbhís don straitéis praghsála roghnaithe | 3@5(2+3)<br><br>2 mharc<br><br>3 mharc (0,1,3) | 20 |
| **(C)** | Mínigh na tosca ba chóir do ghnó a chur san áireamh nuair a bhíonn foinse maoinithe á roghnú. | 7(4+3)+7(4+3)+6(3+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

# ROINN 1
# (80 marc)
# CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
# NÓTAÍ TACAÍOCHTA

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | | | 1 → **E**; 2 → **A**; 3 → **B**; 4 → **C**; 5 → **F** | 10 |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **E** | **A** | **B** | **C** | **F** |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **2.** | | | (i)*Maidir le gnó Trádálaí Aonair,* ***déanann bás an úinéara difear dó.***<br><br>(ii) ***Is féidir*** *scaireanna CPT a bheith luaite ar an stocmhalartán.*<br><br>(iii) *I gcomhaontú Saincheadúnais, íoctar táille leis an* ***saincheadúnóir****.*<br><br>(iv) *I gComharchumann, bíonn cearta vótála na gcomhaltaí* ***bíonn siad cothrom.***<br><br>(v) ***Ní eintiteas dlíthiúil ar leith*** í comhpháirtíocht. | 10 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|---|
| 3. | | | CGFÉ (*IBEC*) | **CÓNAIDHM GHNÓLACHTAÍ AGUS FHOSTÓIRÍ NA HÉIREANN** | 10 |
| | | | CNG (*ICTU*) | **COMHDHÁIL NA gCEARDCHUMANN** | |
| | | | GBMÉ (*ISME*) | **GNÓTHAIS BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE ÉIREANNACHA** | |
| | | | FAÉ (*IFA*) | **FEIRMEOIRÍ AONTAITHE NA HÉIREANN** | |
| | | | CTÉ (*CAI*) | **COMHLACHAS TOMHALTÓIRÍ NA HÉIREANN** | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.** | | | **1.** | **FÍOR** | 10 |
| | | | **2.** | **BRÉAGACH** | |
| | | | **3.** | **FÍOR** | |
| | | | **4.** | **BRÉAGACH** | |
| | | | **5.** | **BRÉAGACH** | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **5.** | | | | 10 |

| | |
|---|---|
| **A.** | **25,000** |
| **B.** | **(3,000)** |
| **C.** | **11,000** |
| **D.** | **5,000** |
| **E.** | **16,000** |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6.** | | | **Déan Stair Chreidmheasa / Creidiúnacht Custaiméirí a Mheas:**<br>Seiceáiltear creidiúnacht custaiméirí roimhe ré, e.g. iarrtar teistiméireachtaí ón mbanc, teistiméireachtaí trádála, biúró creidmheasa, Stubbs Gazette.<br><br>**Teorainneacha Creidmheasa**<br>Socraigh teorainneacha creidmheasa agus tréimhsí creidmheasa cuí: Tarraing téarmaí agus coinníollacha soiléire a rialaíonn an méid creidmheasa agus a chinntíonn go ndéantar na híocaíochtaí in am.<br><br>**Lascainí**<br>Tairg dreasachtaí cosúil le lascaine airgid má íoctar go luath nó go pras.<br><br>**Pionós**<br>Beartas maidir le híocaíochtaí deireanacha/páirtíocaíochtaí: pionóis as íocaíochtaí deireanacha a aontú agus a fhorfheidhmiú, e.g. ús a ghearradh ar chuntais thar téarma.<br><br>**Eisigh sonraisc ar bhealach éifeachtúil**<br>Bíodh córas riaracháin éifeachtúil ann ina dtarlaíonn sonrascú, éilimh íocaíochta agus glaonna agus cuairteanna leanúnacha go pras chun íocaíocht a chinntiú.<br>**Cosc ar dhíolacháin ar chreidmheas/díolacháin ar airgead síos amháin**<br>Glac le polasaí díolacháin ar airgead síos amháin a dhéanamh le custaiméirí áirithe etc. | 10 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **7.** | (a) | | Díolann gnólacht domhanda ar fud an domhain/measann sé gur margadh aonair é an domhan / ag úsáid cumasc margaíochta caighdeánaithe / cumasc margaíochta oiriúnaithe. | 10 |
| | (b) | | Samplaí: Coca-Cola, Google, Facebook, Nike, Adidas, Amazon, VW, Ford, etc. | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **8.** | (a) | | (see table below) | 10 |
| | (b) | | An Lamháil Sábháilteachta a Ríomh<br>75,000 aonad – 50,000 aonad = 25,000 aonad<br>NÓ<br>€1,350,000-€900,000=€450,000<br>*Ní mór an t-aonad ceart tomhais a thaispeáint sa fhreagra le go mbronnfar marcanna (aonaid nó €).<br><br>Míniúchán:<br><br>Chomh mór is a thitfidh díolacháin thuartha/ioncam díolacháin go dtosóidh an gnólacht ag cailleadh airgid. | |

| | **An Lipéad Iomlán** |
|---|---|
| **A** | COSTAIS SHEASTA |
| **B** | AN T-IONCAM IOMLÁN |
| **C** | COSTAIS IOMLÁNA |
| **D** | AN POINTE MEÁ AR MHEÁ |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 9. | (a) | | **Dréachtaíonn sé moltaí le haghaidh dlíthe nua:** Is é an Coimisiún an t-aon institiúid san Aontas Eorpach a chuireann síos dlíthe atá le glacadh ag an bParlaimint agus ag an gComhairle a thugann cosaint do shainleasanna an Aontais Eorpaigh agus a shaoránaigh maidir le saincheisteanna nach féidir a láimhseáil go héifeachtach ar leibhéal náisiúnta.<br>**Cuireann sé dlíthe i bhfeidhm/forfheidhmíonn sé reachtaíocht reatha**<br>In éineacht leis an gCúirt Bhreithiúnais, cinntítear go gcuirtear dlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm i gceart i ngach ceann de na ballstáit.<br>**Déanann sé ionadaíocht don Aontas Eorpach ar bhonn idirnáisiúnta**<br>Labhraíonn sé thar ceann gach tír san Aontas Eorpach i gcomhlachtaí idirnáisiúnta, go háirithe i réimsí a bhaineann le beartas trádála agus cabhair dhaonnúil.<br>Déanann sé idirbheartaíocht ar chomhaontuithe idirnáisiúnta don Aontas Eorpach.<br>**Bainistíonn sé buiséad an Aontais Eorpaigh**<br>o Leagann sé síos tosaíochtaí caiteachais an Aontais Eorpaigh, in éineacht leis an gComhairle agus leis an bParlaimint.<br>o Dréachtaíonn sé buiséid bhliantúla lena gceadú ag an bParlaimint agus ag an gComhairle.<br>o Déanann sé maoirseacht ar an gcaoi a gcaitear airgead, faoi ghrinnscrúdú Chúirt na nIniúchóirí. | 10 |
| | (b) | | Parlaimint na hEorpa<br>Comhairle an Aontais Eorpaigh (Comhairle na nAirí) | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 10. | | | Is ionann an ráta boilscithe agus méadú céatadáin (coimeádta) ar leibhéal ginearálta praghsanna/costas maireachtála thar thréimhse ama, 1 bhliain amháin de ghnáth/Tomhaistear é leis an Innéacs Praghsanna Tomhaltóirí/méadú céatadáin ar phraghas earraí.<br><br>An praghas/costas/luach saothair a íocann iasachtaí le hiasachtóir as úsáid airgid/an costas a bhíonn ar airgead ar iasacht léirithe mar % den tsuim a fhaightear ar iasacht/an tsuim airgid nach mór don iasachtaí a íoc leis an iasachtóir as úsáid a bhaint as cistí an iasachtaí léirithe mar % den tsuim a fuarthas ar iasacht/ á shocrú ag an mBanc Ceannais Eorpach.<br><br>Nó<br>An luach saothair de bharr airgead a bhí i dtaisce/a infheistíodh thar thréimhse ama léirithe mar % den tsuim a íocadh. | 10 |
| | | | | |

# ROINN 2

## (80 marc)
## Ceist Ar An nGnó Feidhmeach
## *Pictiúrlann an Pháláis Teo.*

## (NÓTAÍ TACAÍOCHTA)

**(A)** Déan cur síos ar an gcaoi a rialaíonn **agus** a spreagann an Rialtas an gnó, agus tagairt agat do Phictiúrlann an Pháláis Teo.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| (A) | | | **RIALAÍONN**<br>Rialaíonn an rialtas gnó trína reachtaíocht/dhlíthe/chánachas.<br>Is féidir le reachtaíocht cosaint a thabhairt do pháirtithe leasmhara amhail tomhaltóirí, fostaithe, pobail áitiúla, an pobal i gcoitinne, etc.<br><br>**Cén tionchar a bhíonn ag rialachán ar ghnó?**<br><br>**An t-íosphá náisiúnta**<br>Is é an rialtas a shocraíonn an t-íosphá náisiúnta (an ráta íosta dlíthiúil in aghaidh na huaire) a chaithfear a íoc le fostaithe rud a thugann cosaint dá réir sin d'fhostaithe ar phá íseal/a sheachnaíonn dúshaothrú oibrithe. Ní mór do ghnóthaí cloí leis an reachtaíocht maidir leis an íosphá náisiúnta.<br><br>***Chuir an phictiúrlann fostaíocht ar fáil do dheichniúr san am atá caite, ach tháinig laghdú ar an líon sin nuair a thug an Rialtas isteach an t-íosphá náisiúnta i gCáinaisnéis na bliana 2000***<br><br>**Cánachas**<br>Tagraíonn Cánachas Gnó d'íocaíocht éigeantach a dhéanann gnó leis an rialtas chun reáchtáil an Stáit a mhaoiniú. Is féidir cánachas a úsáid freisin mar bhealach chun cosaint a thabhairt don chomhshaol.<br><br>***Nuair a rinneadh athchóiriú ar an áitreabh gnó in 2010, rinneadh an córas teasa a nuachóiriú chun tionchar na 'Cánach Carbóin' a tugadh isteach i gCáinaisnéis na bliana 2009 a laghdú.***<br><br>Tabhair as aird:<br>***Féadfar glacadh le píosaí eile reachtaíochta ar an gcúrsa má shainaithnítear nasc iomchuí/ábhartha ón CNF.*** | 2@ (2+3+ 2),<br>1@ (2+3+1)<br>Gníomh, míniú agus nasc ábhartha<br><br>Teastaíonn pointe amháin ar a laghad faoi rialachán |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980/ní mór do na seirbhísí a sholáthraítear a bheith mar atá sa chur síos orthu/i riocht díola.<br><br>***Bhunaigh sí club scannán ar thug sí 'Cairde an Pháláis' air a thaispeánfadh scannáin idirnáisiúnta, ag díriú orthu siúd a raibh an-tóir acu ar scannáin agus a thabharfadh deis do lucht féachana ó gach aoisghrúpa scannáin as gach áit sa domhan a fheiceáil.***<br><br>An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007/tugtar cosaint do thomhaltóirí i gcoinne fógraíocht bhréagach nó mhíthreorach.<br><br>***Faigheann na baill nuachtlitir sa ríomhphost uair sa mhí ina mbíonn naisc chuig réamhbhlaiseadh de na scannáin a bheadh ag teacht.***<br><br>Cinntíonn na hAchtanna um Chosaint Sonraí go dtugtar cosaint do chearta chun príobháideachta atá ag daoine aonair i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta.<br>Stórálann Pictiúrlann an Pháláis sonraí na mball.<br><br>***Faigheann na baill nuachtlitir sa ríomhphost uair sa mhí.*** | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **(A)** | | | __**SPREAGANN**__<br>Spreagann an rialtas gnóthaí trína ghníomhaireachtaí stáit ag soláthar oiliúna, meantóireachta agus deontas.<br><br>__**Spreagann an rialtas trí na Oifigí Fiontair Áitiúil gnóthaí maidir le:**__<br><br>**Oideachas/Oiliúint**<br>Bhunaigh an Rialtas Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna) a sholáthraíonn cúrsaí oiliúna praiticiúla i ngnó chun cabhrú le fiontraithe eolas agus saineolas a fháil i réimse ar leith/Spreagann OFÁnna gníomhaíochtaí difriúla gnó trí chomhairle, oiliúint, meantóireacht, deontais agus taighde margaidh.<br>***Rinne sí cúrsa gnó a chuir an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) ar fáil.***<br><br>**Meantóireacht**<br>Soláthraíonn an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) clár meantóireachta freisin a phéireálann daoine aonair/cuideachtaí le meantóirí chun cabhrú le bacainní a aithint sna céimeanna forbartha agus chun na bacainní sin a shárú. Cuimsítear ar an bpainéal meantóireachta lucht gnó aibí a bhfuil taithí acu, agus a thugann an lear mór saineolais atá acu don scéim.<br>***Meaitseáladh le duine taithíoch gnó í.***<br><br>**Airgeadas**<br>Soláthraíonn an rialtas airgeadas/deontais trí ghníomhaireachtaí stáit éagsúla le haghaidh gníomhaíochtaí difriúla i ngnó cosúil le hoiliúint, Taighde agus Forbairt, Sláinte agus Sábháilteacht, Taighde Margaidh.<br>Soláthraíonn roinnt gníomhaireachtaí rialtais deontais do ghnóthaí chun deis a thabhairt dóibh leathnú/staidéir féidearthachta a dhéanamh. Is ionann deontas agus íocaíocht a dhéantar chun críche sonraithe ar an gcoinníoll go gcomhlíontar critéir áirithe. Ní aisíocann an gnó é fad is gur comhlíonadh na coinníollacha.<br>***Fuair an fhoireann mhargaíochta agus airgeadais deontas substaintiúil faoi 'Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte' an Rialtais.*** | __Teastaíonn pointe amháin ar a laghad faoi spreagadh__ |

**(B)** Déan anailís ar na slite a dtéann athruithe ar riachtanais an chustaiméara i bhfeidhm ar **chumasc margaíochta** Phictiúrlann an Pháláis Teo.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **(B)** | | | **Táirge /Seirbhís**<br>Sásaíonn an táirge/an tseirbhís riachtanas an tomhaltóra. Áirítear leis faisnéis maidir leis an mír cosúil le cáilíocht, pacáistiú, seirbhís iardhíolacháin, dearadh na míre, ainm branda, agus saolré táirge etc.<br>***D'aithin sí bearna sa mhargadh i gcomhair scannáin ilchultúrtha agus scannáin idirnáisiúnta.***<br>***Nó***<br>***...Scannáin as gach áit sa domhan.***<br>***Nó***<br>***Club Scannán ar thug sí "Cairde an Pháláis" air.***<br><br>**Praghas**<br>Áirítear leis sin aon saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar phraghas díola an táirge/na seirbhíse deiridh. I measc na dtosca a d'fhéadfadh praghas a chinneadh bheadh: ioncam an spriocmhargaidh, na praghsanna a shocraíonn iomaitheoirí, an leibhéal éilimh sa mhargadh, íomhá inmhianaithe an táirge/na seirbhíse etc.<br><br>***Bhí cur chuige solúbtha aici maidir le praghsáil.***<br>***NÓ***<br>***Bhí sé de rogha ag baill síntiús a íoc don séasúr ar rátaí laghdaithe nó íoc ar an scannán de réir na hoíche.***<br><br>**Ionad**<br>Baineann sé sin le dáileachán an táirge/na seirbhíse deiridh ón díoltóir chuig an tomhaltóir. Ba cheart don díoltóir an modh a rachaidh i gcion go héifeachtach ar an spriocmhargadh agus a uasmhéadóidh díolacháin a roghnú. I measc na dtosca a d'fhéadfaí a chur san áireamh: an cineál earra/seirbhíse, méid an mhargaidh, costais, luas, slándáil, achar agus costais iompair. Tugann an t-idirlíon deis ollmhór do ghnóthaí trí chur ar chumas custaiméirí ceannach go díreach ón soláthróir seirbhíse. Mar shampla, eitiltí a chur in áirithe ar líne seachas gníomhaire taistil a úsáid.<br><br>***Rinne sí suíomh gréasáin na pictiúrlainne a nuashonrú le go mbeadh custaiméirí ábalta áirithint a dhéanamh ar líne.*** | 2@9<br>(3+3+3)<br><br>2@6<br>(2+2+2)<br><br>Ainmnigh an ghné, mínigh an ghné/ cén fáth ar athraigh an ghné? agus nasc ábhartha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Tionscnamh**<br>Baineann sé seo leis na modhanna go léir a úsáideann an díoltóir chun a tháirge/sheirbhís a chur in iúl dá spriocmhargadh. I measc na modhanna tá fógraíocht, díolachán pearsanta, tionscnaimh díolachán agus caidreamh poiblí. Thug na meáin shóisialta ardán difriúil freisin i gcomhair fógraíochta d'fhonn dul i gcion ar spriocmhargadh mór go han-tapa agus ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costas de.<br><br>***Faigheann na baill nuachtlitir sa ríomhphost uair sa mhí ina mbíonn naisc chuig réamhbhlaiseadh de na scannáin a bheadh ag teacht.***<br>***NÓ***<br>***Thug sí isteach córas cártaí dílseachta dóibh siúd a roghnaigh íoc ar an oíche, chun athcheannach a spreagadh.*** | |

**(C)** (i) Tabhair breac-chuntas achomair ar an difríocht idir 'bainisteoir **rialtóra**' agus 'bainisteoir **éascaitheora**'.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **(C)** | (i) | | **Rialtóir (duine amháin i gceannas):**<br>Baineann prionsabal "ceannais agus comhordaithe" leis seo go bhfuil duine amháin ann ar saineolaí é. Is beag neamhspleáchais a thugtar do na fostaithe/is é an bainisteoir an saineolaí/déanann an bainisteoir na cinntí go léir.<br><br>An ceannasaí/an "saineolaí"/an léirmheastóir/an té a chuireann an dlí i bhfeidhm.<br><br>**Éascaitheoir (an fhoireann):**<br>Glacann an bainisteoir ról "comhordaitheora nó cóitseálaí".<br>Tuigeann an bainisteoir éascaitheora agus tá muinín aige go bhfuil an fhaisnéis a theastaíonn uathu ag fostaithe ar an líne thosaigh chun freagairt d'athruithe go pras a luaithe is a thugtar an fhreagracht agus na hacmhainní dóibh chun rud a dhéanamh.<br><br>An cóitseálaí/an t-oiliúnóir/an soláthraí acmhainne/an spreagthóir. | 2@5m |

(ii) Déan measúnú ar chur chuige Shiobhán maidir le Féile Scannán James Bond 2017 a bhainistiú.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **(C)** | (ii) | | Ghlac Siobhán cur chuige "éascaitheach" maidir le féile scannán James Bond 2017 a bhainistiú. Ní raibh sí ag smachtú na bhfostaithe trí orduithe a thabhairt faoina raibh le déanamh acu ach thug sí deis dóibh an fhéile scannán a fhorbairt iad féin.<br><br>Áirítear le **freagraí féideartha:**<br><br>**1. Cumarsáid/ Comhairliúchán/ Ag tabhairt smaointe**<br><br>• Ba cheart go mbeadh cumarsáid ionraic agus oscailte i gcónaí.<br>• Nuair a bhíonn cumarsáid oscailte ann ní airíonn fostaithe chomh mór faoi bhagairt agus forbraíonn siad bealaí nua chun freagra a thabhairt ar bhealach dearfach agus cruthaitheach / spreagtar aiseolas a thabhairt.<br>• Níos lú seans ann go gcuirfear in aghaidh duine atá páirteach sa phróiseas.<br>• Féadfar teacht ar chomhréiteach – bealach comónta chun cinn gan an oiread seans coimhlinte má tá an bhainistíocht agus na fostaithe rannpháirteach.<br><br>***Thionóil Siobhán cruinniú tobsmaointe leis an bhfoireann agus mhol siadsan téama James Bond don fhéile.***<br><br>**2. Cumhachtú/rannpháirtíocht fostaithe/tarmligean/ Cinnteoireacht chomhroinnte/Tionscnaíocht**<br><br>• Tá an fhoireann páirteach sa phróiseas cinnteoireachta, rud a thugann **mothú úinéireachta dóibh sa phróiseas** / tugtar deis don fhoireann cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a ndéanfaidh siad/cén uair a dhéanfaidh siad a gcuid oibre.<br>• Spreagtar agus cumhachtaítear fostaithe le smaointe a cheapadh agus cuirtear na **tuairimí agus smaointe sin san áireamh.**<br>• Ceadaíonn sé seo d'fhostaithe mothú **go bhfuil glór** acu agus spreagann sé iad le freagracht bhreise a ghlacadh.<br>• Le freagracht mhéadaithe tagann spéis mhéadaithe don phost agus é a dhéanamh ceart.<br><br>***Ghlac an fhoireann a bhí freagrach as clár na féile leis an deis agus thug siad cuireadh d'aoichainteoirí as an Ríocht Aontaithe chun na fuaimrianta agus na prapaí a úsáideadh sna scannáin éagsúla a phlé.*** | 3@6<br>(2+2+2) |

**NÓ**

***Fuair an fhoireann mhargaíochta agus airgeadais deontas substaintiúil faoi 'Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte' an Rialtais agus d'éirigh leo gnólachtaí áitiúla a mhealladh chun urraíocht a dhéanamh ar na himeachtaí.***

**3. Oiliúint**

Ní mór don fhoireann a bheith oilte chun aon imní a mhaolú agus na scileanna riachtanacha a theastaíonn chun tionscadail shonracha a chur i gcrích a bheith acu. D'uireasa oiliúna d'fhéadfadh drogall a bheith ar an bhfoireann glacadh le dúshláin nua i ngeall nach bhfuil na scileanna iomchuí acu / oiliúint sa phost agus oiliúint taobh amuigh den phost / oiliúint ionduchtúcháin.

***Shocraigh Siobhán oiliúint sna scileanna a bhaineann le hoibriú mar fhoireann agus le tascanna a bhainistiú go héifeachtach.***

**4. Soláthróir Acmhainní**

Ní mór don bhainistíocht dóthain airgeadais agus maoiniú acmhainní daonna agus fisiceacha a sholáthar chun an tasc a chur i gcrích.

***Chuir Siobhán buiséad ar fáil le don fhéile scannán.***

***Nó***

***... Chuir sí (Siobhán) dhá fhoireann le chéile, ceann amháin chun clár na féile a eagrú agus na ceardlanna scannán a chruthú, agus an ceann eile chun a bheith freagrach as margaíocht agus as airgeadas na féile.***

**5. Obair foirne**

Tagairt don struchtúr Maitríse………………………….

Spreagtar tiomantas/rannpháirtíocht níos mó nuair a bhíonn an fhoireann rannpháirteach i bhfoirne agus sásaítear díocas iontu.

***.....Chuir sí dhá fhoireann le chéile, ceann amháin chun clár na féile a eagrú agus na ceardlanna scannán a chruthú, agus an ceann eile chun a bheith freagrach as margaíocht agus as airgeadas na féile.***

**6. Tiomantas iomlán ón mbainistíocht**

Tá an bhainistíocht tiomanta go hiomlán don phróiseas chun go n-oibreoidh athrú don ghnó. Chuir Siobhán am agus acmhainní sa tionscadal.

***Chuir Siobhán buiséad ar fáil don fhéile scannán agus chuir sí dhá fhoireann le chéile, ceann amháin chun clár na féile a eagrú agus na ceardlanna scannán a chruthú, agus an ceann eile chun a bheith freagrach as margaíocht agus as airgeadas na féile.***

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Tabhair faoi deara:**<br>Féadfaidh ceangal a bheith idir naisc ach má úsáidtear nasc ar leith chun pointe amháin taobh istigh de rannán a mhíniú ní féidir é a úsáid an athuair i gcomhair pointe eile taobh istigh de rannán céanna. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **(C)** | (ii) | | Measúnú ag teastáil ar chur chuige bainistíochta Shiobhán<br>Ní mór don iarrthóir breithiúnas a thabhairt ar chomh héifeachtach is a bhí an stíl bainistíochta a ghlac Siobhán, bunaithe ar an bhfianaise sa CGF. | 2m |

## Roinn 3
## (240 marc)

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## Cuid 1

## Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

### Ceist 1

**A. (i)** Mínigh an téarma **caidreamh comhoibritheach** idir na páirtithe leasmhara sa ghnó.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **(A)** | (i) | Bíonn caidreamh comhoibritheach ann nuair a oibríonn an dá pháirtí le chéile chun **sprioc chomónta** a bhaint amach. Is **caidreamh é a théann chun tairbhe an dá thaobh/comhleas**, áit a mbaineann an dá thaobh tairbhe as agus iad níos fearr as ina dhiaidh ná mar a bhí siad ag an tús. | (2+3) |

**(A) (ii)** Déan cur síos ar shampla **amháin** de chaidreamh comhoibritheach a d'fhéadfadh a bheith ann idir **gach** péire de na páirtithe leasmhara seo a leanas:

- Fostóir agus fostaí
- Infheisteoir agus bainisteoir i ngnólacht
- Táirgeoir agus tomhaltóir.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **(A)** | (ii) | • **<u>Fostóir agus Fostaí</u>**<br><br>**<u>Tairgeann an fostóir pá cóir, a léiríonn an obair atá á déanamh agus cáilíochtaí agus scileanna fostaí agus tugann an fostaí lá maith oibre.</u>**<br><br>Pá/Pá maith agus coinníollacha oibre<br>• Baineann an fostaí leas as pá maith agus coinníollacha maithe dá chuid oibre má chomhlíonann sé spriocanna comhaontaithe.<br>• Baineann an fostóir leas as táirgiúlacht mhéadaithe/spreagadh foirne/brabúis níos airde de bharr fostaithe a bheith ag obair níos crua / sástacht poist. | 3@5(2+3) Sampla den tairbhe do gach páirtí leasmhar ar a laghad |

**<u>Nuair a bhíonn baint ag an bhfostaí le cinneadh a dhéanamh ní bhíonn an oiread fadhbanna caidrimh thionsclaíoch ag an bhfostóir ansin</u>**

Cead a thabhairt d'ionadaí an lucht oibre ar bhord stiúrthóirí nó cead a thabhairt d'fhostaithe ionchur a bheith acu i gcinnteoireacht.

- Baineann an fostaí leas as tuiscint níos fearr a fháil ar thuairimí fostóirí agus is mó seans atá ann go nglacfaidh siad agus go gcuirfidh siad fáilte roimh athrú san ionad oibre.
- Ní chailleann an fostóir an oiread laethanta mar gheall ar choimhlint caidrimh thionsclaíoch/stailc. B'fhéidir go bhfaighidís smaointe nua freisin ó na fostaithe nach raibh acu féin.

**<u>Freagracht a tharmligean ar fhostaithe, as sin cruthaítear fórsa saothair níos dearfaí agus táirgiúlacht mhéadaithe don fhostóir.</u>**

**<u>Aitheantas Ceardchumainn</u>**

- Baineann fostaithe leas as fios a bheith acu gur glacadh lena gcuid ceart san ionad oibre. As sin cruthaítear timpeallacht mhaith caidrimh thionsclaíoch.
- Baineann an fostóir leas as meicníocht éifeachtúil a bheith aige chun díospóidí a chosc/réiteach.

**<u>Timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil</u>**

Cuireann an fostóir timpeallacht oibre sláintiúil níos fearr ar fáil, ag comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil agus morálta agus mothaíonn an fostaí sábháilte, as a dtagann timpeallacht bhisiúil.

- **<u>Infheisteoir agus Bainisteoir</u>**

Ní chuirtear na hacmhainní airgeadais a chuireann infheisteoirí ar fáil amú ach úsáideann an bhainistíocht go stuama iad chun toradh réasúnta ar infheistíocht a chruthú don infheisteoir.

**Faisnéis** airgeadais thrédhearcach:
Tá an fhaisnéis airgeadais go léir a thugann an bainisteoir don infheisteoir cruinn agus chun dáta. Úsáideann an bainisteoir an infheistíocht go hiomchuí.

- Bainfidh an infheisteoir leas as a fheiceáil go bhfuil an infheistíocht a rinne sé sábháilte.
- Beidh sé níos éasca ar an mbainisteoir an maoiniú riachtanach a fháil chun tionscadail nua a mhaoiniú.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Lorgaíonn an bhainistíocht shinsearach **luach saothair réasúnta:**<br>Má sheachnaíonn an bhainistíocht shinsearach íocaíochtaí iomarcacha a lorg d'fhéadfadh infheisteoirí a bheith níos toilteanaí infheistiú toisc gur féidir toradh réasúnta a fháil ar infheistíocht.<br><br>• **<u>Táirgeoir agus Tomhaltóir</u>**<br>Dílseacht Bhranda:<br>Ceannaíonn an tomhaltóir an t-earra arís is arís eile<br>• Coinníonn an táirgeoir cáilíocht an táirge<br>• Baineann an tomhaltóir leas as cinnteacht maidir le cáilíocht an ruda a cheannaíonn sé, agus ceannóidh sé é arís is arís agus beidh sé dílis don bhranda.<br><br>Téarmaí díolacháin comhaontaithe (praghas cóir, corrlach brabúis)<br>• Táirgeoir – soláthraíonn sé táirge maith ar phraghas réasúnta.<br>• Tomhaltóir – íocann sé praghas réasúnta ar an táirge bunaithe ar chaighdeán/luach ar airgead.<br><br>Tá nós imeachta oscailte agus cothrom ag an táirgeoir maidir le gearáin a dhéanamh agus láimhseáiltear gearáin ar bhealach cóir. | |

**(B)** Déan measúnú ar **idirbheartaíocht**, **idir-réiteach** agus **eadráin** mar mhodhanna chun coinbhleacht thionsclaíoch san ionad oibre a réiteach.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (B) | | **<u>Idirbheartaíocht</u>**<br><br>• Déanann an dá pháirtí margáil le chéile/**próiseas margáintíochta**<br>• Féachann siad le teacht ar chomhréiteach a oirfidh iad go léir agus chun ábhar imní atá orthu araon a réiteach<br>• Sroichtear **comhréiteach** agus bíonn an dá pháirtí sásta leis.<br><br>**<u>Idir-réiteach</u>**<br>• Déanann an tríú páirtí iarracht an dá thaobh sa díospóid a chur ag caint / astu féin agus le chéile.<br>• Féadfaidh an tríú páirtí réiteach a thairiscint ar an bhfadhb.<br>• Déanann na páirtithe lena mbaineann cinneadh maidir leis an réiteach /**níl sé ceangailteach ó thaobh dlí.**<br><br>**<u>Eadráin</u>**<br>• Éisteann an tríú páirtí leis an dá thaobh agus **déanann cinneadh** / breithiúnas maidir leis an réiteach.<br>• Comhaontaíonn an dá pháirtí roimh ré glacadh leis an réiteach/cloí leis na cinntí a rinneadh.<br><br><br>**Measúnú ag teastáil** | 3@6(3+3)<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>2m |

**(C) (i)** Ainmnigh an t-acht a thugann cosaint do thomhaltóirí a cheannaigh an Samsung Galaxy Note 7.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (C) | (i) | An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980. | 2 mharc |

**(C)** **(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhoráil san acht maidir le cearta reachtúla (dlíthiúla) tomhaltóra i dtaca leis an Samsung Galaxy Note 7.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (C) | (ii) | **Ní mór do na hearraí bheith i riocht díola**<br>Ba chóir go mbeadh earraí de mhianach/**caighdeán réasúnta**, **agus an fheidhm mheasta, an mharthanacht agus an praghas a bhaineann leo á gcur san áireamh**. Is tráchtearra daor é fón póca, mar sin ba cheart dó a bheith ar chaighdeán ard.<br><br>**Ní mór d'earraí bheith oiriúnach don fheidhm a bheartaítear**<br>Ciallaíonn sé seo nach mór do na hearraí bheith in ann cibé rud a dhéanamh ar cheart dóibh a dhéanamh agus ar ceapadh dóibh a dhéanamh (i.e. oiriúnach don fheidhm áirithe a bhfuil sé ar intinn ag an gceannaitheoir iad a úsáid lena haghaidh).<br><br>**Ní mór earraí a dhíol faoi mar a thuairiscíonn an díoltóir iad**<br>Má cheannaítear fón ó shampla an díoltóra, ba cheart go mbeadh an fón a cheannaítear mar an gcéanna leis sin sa taispeána.<br><br>**Sásamh**<br>Má bhíonn an gearán bailí, tá an tomhaltóir i dteideal ceann de na trí A – aisíocaíocht, athsholáthar earra nó athchóiriú. Má cheannaíonn tomhaltóir fón lochtach agus má dhéanann sé gearán go luath, tá sé i dteideal lán-aisíocaíocht airgid nó athsholáthar fóin. Braitheann an cineál sásaimh ar **chomh tromchúiseach atá an locht**, **ar an am a tharla sé agus ar cá fhad tar éis an cheannaigh a rinneadh an gearán**.<br><br>**Tá an miondíoltóir freagrach go dlíthiúil faoin acht**<br>Tá ceart dlíthiúil an tomhaltóra i gcoinne an mhiondíoltóra faoin Acht seachas i gcoinne an déantúsóra.<br><br>**Ráthaíochtaí**<br>Níl sa ráthaíocht ach ceart breise áit ar féidir leis an tomhaltóir an táirge a fháil deisithe faoi ráthaíocht an déantúsóra. | 3@6(3+3)<br><br>Riocht Díolta pointe éigeantach. |

## Ceist 2

**(A)** Déan plé ar na **dúshláin** atá roimh ghnólachtaí san earnáil threasach (seirbhísí) in Éirinn.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | (A) | | Áirítear le **freagraí féideartha:**<br><br>**Rochtain ar theicneolaíocht / ríomhthráchtáil**<br>• Droch-rochtain ar leathanbhanda i gceantair thuaithe go speisialta<br>• Drochúsáid suíomhanna gréasáin chun rudaí a dhíol le tomhaltóirí.<br>**Rátaí Tráchtála**<br>• Rátaí tráchtála a ghearrann údaráis áitiúla ar ghnóthaí.<br>• Cuireann siad brú ollmhór ar mhiondíoltóirí beaga áitiúla agus iad ag iarraidh dul in iomaíocht le miondíoltóirí níos mó.<br>**An Breatimeacht/neamhchinnteacht**<br>• Beidh drochthionchar ag an neamhchinnteacht a cruthaíodh i ngeall ar imeacht beartaithe na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar easpórtáil earraí agus seirbhísí.<br>**Cíosanna**<br>• Beidh fostaithe ag éileamh níos mó pá mar gheall ar an méadú atá ar chostas cíosa i gcathracha ar nós Bhaile Átha Cliath. Laghdaítear leis sin brabúis gnólachtaí seirbhíse agus bíonn sé níos deacra acu a bheith iomaíoch an t-am ar fad.<br>**Éilimh phá**<br>• De bharr gur éirigh le héilimh ar arduithe pá san earnáil iompair mar Bhus Áth Cliath agus Luas tháinig éilimh chun cinn freisin san earnáil seirbhísí. Laghdaítear leis sin brabúis gnólachtaí seirbhíse agus bíonn sé níos deacra acu a bheith iomaíoch an t-am ar fad.<br><br>**Dúnadh miondíoltóirí**<br>• Is iomaí siopa miondíola arbh éigean dóibh dúnadh mar gheall ar an bhfás as cuimse ar cheannach ar líne.<br>• Fás ar mhiondíoltóirí lascaine e.g. Aldi, Lidl, TKMaxx<br><br>**D'fhéadfaí a áireamh le Pointí Breise:**<br>Bonneagar lag/easpa oibrithe oilte i réimsí áirithe/costas fóntas/athruithe déimeagrafacha/uathoibriú seirbhísí a gcruthaítear dífhostaíocht dá bharr (an earnáil baincéireachta). | 15 mharc<br>3@5<br>(2+2+1)<br>Tagairt do thionscal/gnó san earnáil threasach 1m |

## Ceist 2

**(B)** (i) Mínigh an téarma **cód eitice**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(B)** | (i) | Sraith **treoirlínte/ráiteas foirmiúil i scríbhinn** a dhréachtaíonn gnó ina leagtar amach na **hiompair mhorálta a mbítear ag súil uathu** ó ghnó. Cuirtear sraith norm ar fáil sna rialacha a threoraíonn nó a rialaíonn caidrimh le páirtithe leasmhara. Baineann sé le rud atá ceart agus mícheart, cothroime, macántacht agus meas i gcomhthéacs gnó. | 5m |

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do gnólacht a bhaineann le cód eitice a thabhairt isteach.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(B)** | (ii) | <u>Na buntáistí atá le cód eitice</u><br><u>Cinnteoireacht</u><br>Tugann cód eitice bunchloch ar a mbunófar gach cinneadh a mbeidh tionchar acu ar pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, cosúil le fostaithe nó áitritheoirí sa phobal áitiúil. Nuair a bhíonn cód eitice láidir i bhfeidhm ón tús, cuidíonn sé chun treoir a thabhairt do ghnó de réir mar a mhéadaíonn sé.<br><br><u>Cinntí ó Lá go Lá</u><br>Cuidíonn cód eitice le fostaithe tuiscint iomlán a fháil ar ionchais na cuideachta agus na treoirlínte eiticiúla ina ndéantar cinntí nuair a bhítear ag déileáil le gearáin ó chustaiméirí. Cinnteoidh sé sin go gcaithfear go cóir le custaiméirí.<br><br><u>Cáil Ghnó/dea-íomhá branda</u><br>Nuair a thaispeántar an cód eitice gnó ar a shuíomh gréasáin nó i bpreasráitis, agus nuair a chinntítear go bhfuil na gníomhaíochtaí gnó ag teacht leis na focail ar an gcód i gcónaí, is féidir leis sin íomhá dhearfach a chruthú i measc tomhaltóirí agus cuardaitheoirí poist, rud a chruthaíonn bonn dílis custaiméirí, fostaithe fiúntacha agus a chuidíonn chun íomhá branda a fhorbairt.<br><br><u>Spreagtar “sceithireacht”</u><br>D’fhéadfaí clásal “sceithireachta” a áireamh anseo ina spreagtar tuairisc a thabhairt don bhainistíocht maidir le haon éagóir a déantar.<br>Spreagtar an fhoireann chun iompar mí-eiticiúil a thuairisciú trí thimpeallacht a chruthú ina gcúitítear leo as sceithireacht. | 7(4+3)+4(2+2)+4(2+2)<br><br>Teastaíonn ceann amháin ar a laghad de buntáiste agus ceann amháin de dhúshlán. |

Spreagtar iompar eiticiúil
Cuidíonn sé chun iompar eiticiúil na bainistíochta sinsearaí agus na bhfostaithe a spreagadh ag gach leibhéal. Laghdóidh sé sin caillteanais i ngeall ar ghadaíocht agus calaois.

Cionta atá sainithe go soiléir
Saineofar go follasach sa Chód Eitice na hiompair nach bhfuil aon ghlacadh leo. Leis sin bíonn sé níos éasca na hiompair sin a aithint agus iad a dhíspreagadh.

Na dúshláin a bhaineann le Cód Eitice a thabhairt isteach.

Cultúr
Go minic, d’fhéadfadh sé nach mbeadh ómós ná tacaíocht láithreach na bhfostaithe nó na bainistíochta ag cóid eitice a chuirtear i bhfeidhm as an nua. D’fhéadfaidís é a fheiceáil mar cháineadh ar a moráltacht phearsanta.

B’fhéidir nach gcaithfeadh an bhainistíocht shinsearach leis mar dhoiciméad oibre/D’fhéadfaidís roghnú neamhaird a dhéanamh de. B’fhéidir nach bhfuil fonn orthu beart de réir a mbriathair a dhéanamh.

Ní mór an Cód Eitice a nuashonrú go rialta agus a choinneáil cothrom le dáta chun iompair nua a meastar iad a bheith mí-eiticiúil a áireamh. E.g. úsáid chuntas meán sóisialta na cuideachta/ríomhphoist na cuideachta.

Forfheidhmiú
Cruthaítear dúshláin freisin nuair a fhorfheidhmítear cód eitice. D’fhéadfadh goimh teacht sa timpeallacht caidrimh thionsclaíoch sa ghnó agus d’fhéadfaí meanma a ísliú mar gheall ar smachtbhannaí a thugtar d’fhostaithe.

Ní mór oiliúint foirne a thabhairt ar bhonn leanúnach lena chinntiú go dtuigtear an cód agus nach ndéantar neamhaird de. Beidh an gnó as póca dá bharr sin.

**(C) (i)** Sainmhínigh an téarma **príobháidiú**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(C)** | (i) | Díoltar Cuideachta Faoi Úinéireacht an Stáit le hinfheisteoirí príobháideacha. | (4+4) |

**(ii) Déan measúnú ar bhuntáistí agus ar dhúshláin an phríobháidithe do gheilleagar na hÉireann.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(C)** | (ii) | <u>**Buntáistí**</u><br>Áirítear le **freagraí féideartha**<br><br>**Ioncam don Rialtas:**<br>Nuair a dhíoltar fiontar stáit faigheann an rialtas lear mór airgid e.g. Aer Lingus, AIB. Is féidir an t-ioncam a úsáid chun bonneagar a fhorbairt/ agus an fiachas náisiúnta a aisíoc.<br><br>**Éifeachtúlacht:**<br>Meastar go minic nach mbíonn fiontair faoi úinéireacht an stáit éifeachtúil toisc go gcaitheann siad a bheith ag brath ar mhaoiniú an rialtais agus gur beag iomaíochais a bhíonn acu. Spreagtar gnólachtaí príobháideacha toisc iad a bheith ag iarraidh brabús a dhéanamh agus ba cheart dá bharr sin go mbeidís á reáchtáil ar bhonn níos éifeachtúla.<br><br>**Teacht ar airgeadas:**<br>Bíonn cuideachtaí atá príobháidithe in ann iasachtaí agus scaireanna a thógáil amach agus bíonn níos mó teacht acu ar fhoinsí airgid ná mar a bhíonn ag fiontair stáit. Dá bharr sin bíonn sé níos éasca leathnú a mhaoiniú rud a chruthaíonn saibhreas agus fostaíocht sa gheilleagar.<br><br>**Caidreamh Tionsclaíoch:**<br>Toisc go mbíonn fostaithe i bhfiontair stáit níos cinnte dá bpoist is mó seans go mbeidh siad rannphàirteach i ngníomhaíocht thionsclaíoch ar thóir éileamh pá, dálaí oibre níos fearr, etc., ná daoine a oibríonn san earnáil phríobháideach.<br><br>**Iomaíocht:**<br>Nuair a dhíbrítear monaplacht stáit cruthaítear iomaíocht oscailte sa mhargadh agus dá bharr sin bíonn níos mó rogha ag tomhaltóirí agus bíonn praghsanna níos ísle e.g. Eircom/Aer Lingus. | 3@5(2+3)<br><br><u>Teastaíonn ceann amháin ar a laghad de gach aon cheann</u> |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | (C) | | **Dúshláin:**<br><br>Áirítear le **freagraí féideartha:**<br><br>**Caillteanas sócmhainní stáit**<br>Tugann an stát cosaint do thionscail a bhfuil leas straitéiseach ag an tír iontu e.g. an gréasán iompair, soláthairtí fuinnimh na tíre chun críche tionscail agus intíre, soláthar uisce, córais chumarsáide, bonneagar geilleagrach na tíre.<br><br>**Dífhostaíocht Mhéadaithe**<br>D'fhéadfaí poist a chailleadh de thairbhe cuíchóiriú seirbhísí, rud as a bhféadfadh caiteachas ní b'airde leasa shóisialaigh eascairt.<br><br>**Easpa Tiomantas Sóisialta**<br>D'fhéadfadh an chuideachta phríobháideach seirbhísí riachtanacha nach bhfuil ag déanamh brabúis dóibh a scor chun costais a laghdú e.g. an tseirbhís poist agus teileachumarsáide, seirbhísí leictreachais, gáis agus uisce chuig ceantair iargúlta.<br><br>**Caillteanas rialaithe / Costais an stáit**<br>D'fhéadfadh scaireanna cuideachtaí príobháidithe dul go hinfheisteoirí ón gcoigríoch/D'fhéadfadh costais arda a bheith ag baint le cuideachta a ullmhú i gcomhair príobháidiú.<br><br>**Ar lorg brabúis / méadú ar phraghsanna**<br>Ní mór do chuideachtaí príobháidithe torthaí a uasmhéadú do na scairshealbhóirí agus d'fhéadfadh méadú teacht ar phraghsanna do thomhaltóirí dá bharr sin.<br><br>**Measúnú** | <br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>2m |

## Cesit 3

**(A)** Easpórtálacha Dofheicthe €101,750 milliún Iompórtálacha Dofheicthe €109,376 milliún
Easpórtálacha Iomlána: €194,366 milliún Iompórtálacha Iomlána: €171,534 milliún

(i) Déan **Comhardú na Trádála** a ríomh agus na figiúirí thuas á n-úsáid agat.
**(Taispeáin do chuid oibre.)**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (A) | (i) | (194,366 – 101,750) – (171,534-109376) = **Barrachas** €30,458 milliún<br>**(€92,616-€62,158)= €30,458 milliún (barrachas)**<br><br>**Má fhágtar an tsiombail € nó milliún ar lár bronn 3 mharc as 4 mharc.** | 13m |

(ii) Sainmhínigh an téarma **taraif** agus mínigh an tslí a bhféadfadh dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann dá ngearrfadh Rialtas na Ríochta Aontaithe taraif ar earraí Éireannacha san am atá le teacht

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (A) | (ii) | Is muirear/**cáin** í taraif a ghearrtar ar tháirgí **iompórtáilte** chun áitiú ar thomhaltóirí táirgí a tháirgtear istigh sa tír a cheannach/chun srian a chur ar earraí ó thír eile. | (4+2) |
| | | | Ní dhíolfaidh Éire **an oiread easpórtálacha** leis an Ríocht Aontaithe **AGUS** ba cheart go laghdódh Comhardú na Trádála/**Caillteanas brabús**/dífhostaíocht i gcuideachtaí atá dírithe ar easpórtálacha na hÉireann/Ní bheidh táirgí chomh hiomaíoch sa Ríocht Aontaithe mar sin tiocfaidh laghdú ar easpórtálacha na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe/B’fhéidir go gcaithfí margaí nua a lorg. | (4+2) |

**(B)** Déan plé ar na **bealaí dáileacháin éagsúla** a d'fhéadfadh gnólachtaí Éireannacha a chur san áireamh nuair a bhíonn a gcuid táirgí á seoladh acu ar mhargaí idirnáisiúnta.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (B) | | Áirítear le **freagraí féideartha**<br><br>**Easpórtáil Dhíreach**<br>Féadfaidh an gnó **díol go díreach ón monarcha le custaiméirí ar fud an domhain.** Tugann sé sin deis don ghnó na costais déantúsaíochta a scaipeadh amach agus barainneacht scála a bhaint amach. Mar gheall ar dhíolacháin agus ar tháirgiúlacht mhéadaithe méadóidh brabúis / Úsáid ríomhthráchtála / an Idirlín / Suíomh gréasáin chun táirgí a dhíol.<br><br>**Fairsingiú na saoráide féin** sa mhargadh coigríche (Fás Orgánach)<br>**Saoráid déantúsaíochta a bhunú i dtír eile** chun do tháirgí a dhéanamh.<br><br>**Ceadúnais/ saincheadúnú:**<br>Táirgeann an gnó earraí go háitiúil faoi cheadúnas. Nike<br><br>**Gníomhaireacht**<br>Is duine nó gnólacht neamhspleách é gníomhaire easpórtála a dhíolfaidh na hearraí sa spriocmhargadh duit mar mhalairt ar choimisiún a gheofar.<br><br>**Teach Trádála**<br>Cuideachta a cheannaíonn earraí i dtír amháin agus a athdhíolann na hearraí ar bhrabús i dtír eile.<br><br>**Comhfhiontar**<br>Cuirfidh an gnólacht comhfhiontar ar siúl le gnólacht áitiúil chun táirgeadh a dhéanamh do mhargadh áitiúil. | 1@7(4+3)<br>2@4(2+2) |

**(C)** Ar cheart go bhfágfadh Éire an tAontas Eorpach? Tabhair breac-chuntas ar na fáthanna le do fhreagra.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **(C)** | | Ar cheart go bhfágfadh Éire an tAontas Eorpach? **Níor cheart/ba cheart/b'fhéidir**<br><br>**<u>Cúiseanna chun fanacht san Aontas Eorpach</u>**<br><br>Áirítear le **freagraí féideartha**<br><br>• Chuir cruthú an Mhargaidh Aonair in 1993 deireadh le bacainní trádála laistigh den Aontas Eorpach, ag ceadú do shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, an lucht saothair agus caipitil idir na Ballstáit.<br><br>• Margadh níos mó do chuideachtaí Éireannacha agus barainneacht scála níos mó mar thoradh air sin.<br><br>• Faigheann feirmeoirí, faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP), bearta tacaíochta ioncaim. Idir 1973 agus 2008, fuair feirmeoirí na hÉireann €44 billiún faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP).<br><br>• Cuireadh cistí struchtúracha arbh fhiú níos mó ná €17 mbilliún iad ar fáil d'Éirinn ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó Chiste Comhtháthaithe na hEorpa, a chabhraíonn chun bóithre agus bonneagar iompair phoiblí a fheabhsú.<br><br>• Mar bhall den Aontas Eorpach, agus rochtain oscailte aici ar mhargadh an Aontais Eorpaigh, bhí geilleagar na hÉireann níos tarraingtí d'infheistíocht dhíreach eachtrach, agus cruthaíodh deiseanna fostaíochta dá bharr. Is ionann luach na hinfheistíochta dírí eachtraí in Éirinn sa lá atá inniu ann agus níos mó ná €30 billiún.<br><br>• Mar gheall ar thabhairt isteach an airgeadra aonair, cruthaíodh dreasachtaí breise d'infheisteoirí eachtracha chun lonnú in Éirinn, chomh maith le cobhsaíocht choibhneasta praghsanna. A bhuí leis an euro, tá an saol i bhfad níos éasca do ghnólachtaí agus do thaistealaithe as Éirinn agus iad ag trádáil le limistéar an euro nó ag tabhairt cuairte ar thíortha i limistéar an euro.<br>Eile:<br>Níl an oiread maorlathais i gceist do ghnóthaí.<br>Tugann treoracha cosúil le treoracha comhshaoil cosaint don chomhshaol etc. | 2m<br><br><br>3@6(3+3) |
| | | | | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (C) | | Áirítear le **freagraí féideartha**:<br>**<u>Cúiseanna leis an Aontas Eorpach a fhágáil</u>**<br>• Rialacháin bhreise:<br>Cuireann an tAontas Eorpach rialacháin bhreise ar ghnó, rud a mhéadóidh costais ghnó.<br>*Sampla*: Tá an soláthraí fón póca Three ag cur ardú suas le €5 ar a gcuid praghsanna in aghaidh na míosa, ag cur an mhilleáin ar rialacháin nua fánaíochta.<br><br>• Cumhachtaí cinnteoireachta a chailleadh:<br>Cruthaíonn rialacha agus rialacháin srianta.Ní bheidh smacht iomlán ag an rialtas náisiúnta ar a chuid cinntí. Beidh siad faoi réir rialachán atá ceangailteach láithreach agus a mbíonn tosaíocht acu ar dhlíthe náisiúnta.Cuirtear teorainneacha/srianta ar chinntí buiséadacha an rialtais. (Tá an íocaíocht a fuarthas ar scaireanna AIB le húsáid leis an bhFiachas Náisiúnta a laghdú.)<br><br>• AN BREATIMEACHT:<br>Éiginnteacht mhór cruthaithe maidir le todhchaí gheilleagrach na hÉireann. D'fhéadfadh iarmhairtí millteanacha a bheith aige do thrádáil na hÉireann. Téann go leor d'easpórtálacha talmhaíochta na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe i láthair na huaire agus má ghearrtar taraifí agus cuótaí orthu beidh ar Éirinn féachaint ar mhargaí eile.<br><br>• Inimirce:<br>D'fhéadfadh saorghluaiseacht saothair róphlódú a chruthú i limistéir mhóra uirbeacha. Tá sé sin in ann praghsanna tithe a chur in airde agus as sin cruthaítear tranglam ar na bóithre.<br><br>• Bagairtí do cháin chorparáide na hÉireann:<br>Brú á chur i dtreo rátaí cánach comhchuibhithe/D'fhéadfadh titim teacht ar ioncam ó cháin má chruthaítear bonn cánach comhdhlúite d'Éirinn. D'fhéadfadh cuideachtaí ilnáisiúnta a lonnaíonn in Éirinn mar gheall ar rátaí cáin chorparáide ísle bogadh chuig tíortha eile.<br><br>• Cinneadh maidir le cáin Apple:<br>Bhreithnigh an Coimisiún Eorpach gur bhronn Éire sochair chánach mhíchuí ar Apple ar fiú €13 bhilliún iad. D'fhéadfadh sé sin a chur faoi deara do chuideachtaí ilnáisiúnta cosúil le Apple, Facebook agus Intel Éire a fhágáil agus lonnú i dtíortha eile ina bhfuil ráta cánach níos fabhraí. | |
| | | | | |

## Cuid 2

## Ceist 4

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na tréithe/scileanna a shamhlófá le fiontraithe.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | (A) | | Áirítear le **freagraí féideartha:**<br><br>**Ag glacadh rioscaí**<br>Glacann fiontraí riosca pearsanta agus airgeadais nuair a bhunaíonn sé gnó nua agus gan aon chinnteacht aige go n-éireoidh leis. Má éiríonn leis an táirge sa mhargadh beidh toradh an riosca le feiceáil aige agus déanfaidh an fiontraí brabús.<br><br>**Cinnteoireacht**<br>Caithfidh fiontraí a bheith in ann cinntí a dhéanamh ar mhaithe leis an ngnó go minic i gcásanna faoi bhrú. Caithfidh sé a bheith in ann anailís a dhéanamh ar iarmhairtí beartaithe agus neamhbheartaithe a chuid cinntí agus gach rud a chur san áireamh.<br><br>**Nuálaíocht/cruthaitheacht/deis a shaothrú/físiúil**<br>Ní mór don fhiontraí a bheith cruthaitheach agus smaointe nó bealaí nua a fhorbairt chun rudaí a dhéanamh. Taispeánann an fiontraí samhlaíocht, seiftiúlacht agus ullmhacht chun tabhairt faoi thionscadail nua. Smaoiníonn sé as an nua le táirgí nua nó leaganacha nua de tháirgí atá ann cheana a fhorbairt.<br><br>**Dírithe ar an Todhchaí/dírithe ar an gcustaiméir/deiseanna a shainaithint/réamhghníomhach**<br>Bíonn an fiontraí i gcónaí ag smaoineamh ar an todhchaí agus ag lorg bearnaí féideartha sa mhargadh.<br><br>**Athléimneach/ Muiníneach / diongbháilte / féinmhuinín**<br>Ní chuireann cliseadh lagmhisneach ar an bhfiontraí. Tá braistint láidir féinmhuiníne agus creidimh ina smaointe gnó féin ag fiontraí. Féachann sé ar chliseadh mar dheis foghlama. Cuid dhílis de bheith i d'fhiontraí is ea uaillmhian agus mian láidir le haghaidh ratha nó éachta a bheith agat.<br><br>Eile:<br>**Líonrú/buanna áititheacha**<br>**Caidreamh daonna/solúbthacht/tionscnaíocht/réadúil (braistint réaltachta)** | 4@5(2+3) |

**(B)** Mínigh na buntáistí a bhaineann gnólacht as bainisteoir atá ina c(h)umarsáidí éifeachtach a bheith aige.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | (B) | | Áirítear le **freagraí féideartha:**<br>**Níos lú coimhlinte/ní bhíonn an oiread céanna fadhbanna ann le cúrsaí caidreamh tionsclaíoch**<br>Ciallaíonn cumarsáid éifeachtach go bhfaigheann an té ar sheol duine teachtaireacht chuige an teachtaireacht sin. Níl **aon mhíthuiscint ná débhríocht** ag baint leis. Má bhíonn bainisteoir ann a dhéanann cumarsáid éifeachtach beidh deis ann aiseolas a thabhairt lena chinntiú go gcuirtear an teachtaireacht in iúl go soiléir. Dá bharr sin ní bhíonn an oiread coimhlinte agus easaontaithe i measc fostaithe.<br>**Níos lú earráidí**<br>Is minic go mbíonn cumarsáid shoiléir i bhfoirm scríofa. Tugann sé sin deis don fhaighteoir iad a léamh roinnt uaireanta lena chinntiú go dtuigeann sé ábhar na teachtaireachta. Ní dhéanfar an oiread earráidí dá bharr sin.<br>**Níos lú ídithe/cáilíocht fheabhsaithe**<br>Má dhéanann an bainisteoir cumarsáid éifeachtach lena fhostaithe ar bhealach caoithiúil ciallóidh sé sin go mbeifear in ann tascanna a thosú níos tapúla rud a chinnteoidh nach mbeidh an oiread céanna ídithe ann agus nach mbeifear chomh mall leis an táirgeadh.<br><br>**Cinnteoireacht Thapa/díolacháin agus brabúis mhéadaithe**<br>Má bhíonn bainisteoir ann atá éifeachtach ag déanamh cumarsáide beidh sé éifeachtach ag tabhairt cluas éisteachta freisin. Is féidir leis/léi faisnéis a anailísiú go tapa rud a chiallaíonn gur féidir cinntí a dhéanamh gan mhoill. Tá sé sin tábhachtach i dtimpeallacht ghnó a athraíonn go tapa.<br>**Cinnteoireacht níos fearr**<br>Déantar cinntí níos fearr freisin bunaithe ar fhíricí iarbhír a chuirtear i láthair, tugtar faisnéis chruinn i dteanga shoiléir agus beifear in ann an ceann is fearr a fháil ar aon mhíthuiscint trí dheiseanna i gcomhair aiseolais (ceisteanna).<br><br>**Meanma níos fearr i measc na foirne/níos lú brú**<br>I ngnó ina bhfuil bainisteoir atá éifeachtach ó thaobh cumarsáid a dhéanamh, tugtar an chumhacht d'fhostaithe nuair a fhaigheann siad treoracha soiléire, nuair a éistear leo agus nuair a dhéantar cinntí ar bhealach éifeachtach. Dá bhrí sin, cruthaítear ardmheanma.<br><br>**Leibhéal íseal athraithe i measc na foirne**<br>Má tá bainisteoir ann atá éifeachtach ó thaobh cumarsáid a dhéanamh lena fhostaithe, beidh fostaithe aige a bheidh ag iarraidh fanacht sa ghnó. Ní athrófar an fhoireann chomh minic mar thoradh air sin. | 4@5(3+2) |

**(C)** Ón eolas atá agat ar **na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**, dréachtaigh **tuairisc** ó Eimear Ní Cheallaigh chuig an Stiúrthóir Bainistíochta, Risteard Ó Dálaigh, a thugann breac-chuntas ar oibleagáidí Mhainéar Bective dá gcustaiméirí maidir le cosaint sonraí.
(Úsáid dáta an lae inniu.)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | (C) | | **TUAIRISC AR NA HOIBLEAGÁIDÍ BECTIVE MANOR MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (1m)**<br>**Chuig:** An tUasal Richard Daly, Stiúrthóir Bainistíochta **(1m)**<br>**Ó:** An tUasal Emer Kelly, An tOifigeach um Chosaint Sonraí **(1m)**<br>**Dáta:** 15 Meitheamh 2017 **(1m)**<br>**Téarmaí Tagartha (1m)**<br>Oibleagáidí Mhainéar Bective faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a thaispeáint.<br>**Réamhrá**<br>Is é **cosaint sonraí** an modh trína ndéantar na cearta chun príobháideachta atá ag daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta. Bronnann na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 cearta ar dhaoine aonair chomh maith le freagrachtaí a chur ar na daoine sin a phróiseálann sonraí pearsanta.<br>Is duine é **rialaitheoir sonraí** a oibríonn i d'eagraíocht agus a bhailíonn, a stórálann nó a phróiseálann aon sonraí maidir le daoine beo ar aon chineál ríomhaire nó i gcóras comhdaithe struchtúrtha.<br>Tá na hoibleagáidí seo a leanas ar an Rialaitheoir Sonraí:<br>**Torthaí/oibleagáidí (1m)**<br>**De réir na reachtaíochta is iad seo a leanas na hoibleagáidí atá orm mar an tOifigeach um Chosaint Sonraí:**<br>**1.** Sonraí a fháil agus a phróiseáil go cóir agus go hoscailte<br>**2**. Sonraí a choimeád i gcomhair críoch sainráite agus dleathach sonrach amháin nó níos mó<br>**3.** Sonraí a úsáid agus a nochtadh ar bhealaí nach mbeidh ar neamhréir le críocha sainráite agus dleathacha<br>**4.** Sonraí a choimeád slán agus faoi chosaint slándála i gcoinne rochtain neamhúdaraithe<br>**5.** Na sonraí a choimeád beacht agus iomlán agus cothrom le dáta iad/clár de na sonraí coimeádta a choimeád<br>**6.** A chinntiú go mbeidh na sonraí leordhóthanach agus iomchuí agus nach mbeidh siad iomarcach<br>**7.** Gan sonraí a choimeád go ceann tréimhse is faide ná mar is gá chun na críche nó na gcríoch sin<br>**8.** Cóip de shonraí pearsanta a thabhairt don duine, ach iad a iarraidh.<br>**Sínithe:**<br>**Emer Kelly____________**<br>Emer Kelly<br>Oifigeach um Chosaint Sonraí | (6+14)<br><br>Leagan amach 6m<br>6 cheannteideal éigeantach ag 1m an ceann<br><br>Ábhar 14m<br>3 phointe ábhartha (5+5+4) |

## Ceist 5

**(A)** Déan cur síos ar na céimeanna i bpróiseas forbartha táirge nua chomh fada le forbairt fréamhshamhla (**agus forbairt na fréamhshamhla san áireamh**). Déan tagairt don fheithicil AeroMobil 3.0 i do fhreagra.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (A) | | **Giniúint Smaointe**<br>• Ceaptar smaointe tosaigh don táirge nua go córasach. Is féidir leo a bheith ina smaointe inmheánacha nó seachtracha.<br>• D'fhéadfaí smaointe a ghiniúint trí na nithe seo a leanas: seisiúin ransaithe smaointe, taighde margaidh, moltaí foirne, moltaí/aiseolas ó chustaiméirí faoi tháirgí nó faoi sheirbhísí atá ann cheana, iomaitheoirí, taighde agus forbairt, etc.<br>***Chruthaigh an chuideachta smaoineamh le haghaidh 'carr ar féidir leis eitilt'.***<br><br>**Scagadh Táirge**<br>• Déantar gach **smaoineamh a scagadh** agus fágtar na smaointe neamhphraiticiúla agus do-oibrithe ar gcúl. Fágann sé sin na smaointe is inmharthana le haghaidh tuilleadh scrúdú agus forbairt.<br>• Cabhraíonn scagadh cúramach le gnólachtaí costais mhóra a bhaineann le forbairt smaointe nach bhfuil indíolta ina dhiaidh sin a sheachaint agus cinntíonn sé nach gcaillfear deiseanna maithe.<br>***Chaithfeadh sciatháin infhillte a bheith ar an gcarr le bheith in ann taisteal ar an mbóthar agus san aer.***<br><br>**Forbairt Coincheapa**<br>• Baineann sé seo le **táirge nó seirbhís iarbhír a dhéanamh den smaoineamh** a mbeidh mealltacht aige do chustaiméirí/a chomhlíonfaidh riachtanais chustaiméirí.<br>• Sainaithnítear gné uathúil dhíolacháin (USP i mbéarla) a dhéanann idirdhealú idir é agus táirgí eile ar an margadh.<br>***Is é an ghné uathúil dhíolacháin ná go bhfuil an carr ábalta eitilt agus gur féidir é a thiomáint/Múnla solúbtha.***<br><br>**Staidéar Indéantachta:**<br>• Déantar é seo chun a fháil amach an bhfuil poitéinseal ag táirge. Fiosraítear cé acu an féidir é a tháirgeadh go teicniúil nó nach féidir (**indéantacht táirgthe**) agus an mbeidh sé brabúsach nó nach mbeidh (**indéantacht airgeadais**). An gcomhlíonfaidh sé rialachán an rialtais maidir le caighdeáin sábháilteachta, agus an mbeidh sé indíolta etc.? Bheadh imní mhór ar Aeromobil faoi chúrsaí sábháilteachta.<br>• Iarrann sé freagraí ar cheisteanna amhail: cén t-éileamh a bheidh ar an táirge; cén costas a bheidh ar a tháirgeadh agus an bhfuil sé d'acmhainn ag an ngnólacht é a fhorbairt?<br>***Is táirge an-daor/táirge sócúlachta a bheadh sa charr ar féidir leis eitilt.*** | 5@5(2+2+1) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Forbairt Fréamhshamhla**<br>• Baineann an chéim seo **le heiseamláir nó múnla de tháirge a fhorbairt.** Táirgtear é le fáil amach an féidir é a tháirgeadh agus cé na hábhair atá ag teastáil chun é a dhéanamh agus an bhfuil mealltacht aige do chustaiméirí nó nach bhfuil.<br>• Is féidir é a úsáid leis an táirge a thástáil le fáil amach an bhfuil sé i gcomhréir le caighdeáin áirithe agus le cinneadh a dhéanamh ar na ceartuithe/na feabhsuithe is féidir a dhéanamh sula gcinntear táirgeadh iomlán a thosú.<br>***In 2015, nocht an chuideachta Shlóvacach AeroMobil fréamhshamhail dá AeroMobil 3.0-carr ar féidir leis eitilt.***<br><br>Bronn 1 mharc as tagairt éigin a dhéanamh do Aeromobil 3.0 i ngach pointe. | |

**(B)** Mínigh na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh nuair a bhíonn táirge á dhearadh.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **(B)** | | **Costas/Praghas**<br>Ní mór do dhearadh an táirge a bheith éifeachtúil ó thaobh costas de. Ba cheart dó gach costas déantúsaíochta agus dáileacháin a chur san áireamh. Ní mór na costais sin a fháil ar ais mar aon le corrlach brabúis a dhéanamh ón bpraghas a ghearrtar ar chustaiméirí.<br><br>**Feidhm/ceanglais dhlíthiúla/caighdeáin sábháilteachta**<br>Nasctar an toisc seo leis na príomhchlásail den Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980, a chuireann freagracht reachtaíochta ar tháirgeoirí as earraí a dhéanamh atá i riocht díola agus oiriúnach don fheidhm atá beartaithe. Is gá go ndéanfadh an táirge na rudaí atá sé ceaptha a dhéanamh. Ní mór don táirge a bheith praiticiúil agus cloí le caighdeáin sábháilteachta.<br><br>**Cineál/cuma/pacáistiú**<br>Ní mór don táirge a bheith tarraingteach go haeistéitiúil maidir le cruth, méid, dath, stíl, íomhá, etc. e.g. (iPad). Cuireann feachtais mhargaíochta do ghluaisteáin béim ar éifeachtúlacht, ar iontaofacht agus ar mhealltacht ina gcuid fógraí.<br><br>Eile:<br>**Spriocmhargadh**<br>**Iomaíocht (iarracht a bheith níos fearr ná táirge an iomaitheora)**<br>**Cúinsí eiticiúla/comhshaoil Etc.** | 3@5<br>(2+3) |

**(C)** (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchodanna a bhíonn i bplean gnó.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **(C)** | (i) | **Táirgeadh**<br>Tagairt do:<br>• An cineál táirgthe<br>• An t-innealra a theastaíonn<br>• Spriocanna<br>• Plean táirgthe, tréimhsí feithimh<br>Forbairt na bpointí a theastaíonn<br>**Margaíocht**<br>Tagairt do<br>• Meascadh (cumasc) Margaíochta<br>• Torthaí ón taighde margaidh<br>Forbairt na bpointí a theastaíonn<br><br>**Airgeadas**<br>Tagairt do<br>• Ioncam agus Costais Thuartha<br>• Réamhaisnéis maidir le Sreabhadh Airgid<br>• Buiséid Táirgthe<br>• Brabúis Ionchais<br>Forbairt na bpointí a theastaíonn<br><br>**Sonraí Gnó (Clárú na cuideachta etc.)**<br>Tagairt do<br><br>• Sonraí na stiúrthóirí<br>• Sonraí na scairshealbhóirí<br>• Eagraíocht dhlíthiúil (cuideachta/trádálaí aonair/comhpháirtíocht)<br>Forbairt na bpointí a theastaíonn | 3@4<br>(2+2) |

(ii) Mínigh an tábhacht atá le plean gnó do **dhá** pháirtí leasmhara éagsúla.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **(C)** | (ii) | **Fostaithe**<br>Tá spéis ag fostaithe i bplean gnó le deimhniú cibé an mairfidh an gnó ionas gur féidir leo **cinnteacht fostaíochta** a bheith acu.<br>D'fhéadfadh spéis a bheith acu freisin a fheiceáil an bhfuil an gnó ag dul ag leathnú agus an dtairgfidh sé deiseanna le haghaidh ardú céime sa todhchaí.<br><br>**Infheisteoirí (brabúsacht)**<br>Beidh spéis ag infheisteoirí i bplean gnó le fáil amach an bhfuil **sé de chumas ag an ngnó brabús a dhéanamh agus toradh maith a thabhairt dóibh ar a n-infheistíocht.** D'fhéadfadh díolacháin tuartha agus na torthaí ón taighde margaidh áitiú ar infheisteoirí caipiteal a sholáthar do ghnó.<br><br>**Institiúidí airgeadais (an staid maidir le hairgead tirim)**<br>Iarrann institiúidí airgeadais pleananna gnó ar ghnólacht nuair a bhíonn siad ag lorg caipitil i gcomhair iasachta. Cuidíonn sé le soláthraithe airgeadais cinneadh a dhéanamh maidir le **ceadú maoinithe** toisc gur féidir leo taithí na n-úinéirí/bainistíochta a fheiceáil mar aon leis na smaointe. Is é sin an phríomhuirlis chun inmharthanacht fhéideartha an ghnó a chur in iúl do sholáthraithe airgid.<br><br>**Bainistíocht/fostóir**<br>Úsáidfidh an bhainistíocht plean gnó mar fhoinse rialaithe. Úsáidfidh siad é chun **feidhmíocht iarbhír a thomhas i gcoinne spriocanna agus le feiceáil an bhfuil dul chun cinn sásúil déanta ag an ngnó.** Tá spriocanna le baint amach ag an mbainistíocht agus tugann an plean gnó tagarmharcanna is féidir leo a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht iarbhír an ghnó i gcoinne na spriocanna a leagadh síos sa phlean gnó.<br><br>**Soláthraithe**<br>Beidh spéis ag soláthraithe i bplean gnó duine dá gcustaiméirí lena chinntiú go bhfuil an gnó inmharthana agus **gur féidir leis aon líne chreidmheasa** a thairgtear dó **a choimeád ag imeacht.**<br><br>**Gníomhaireachtaí Rialtais**<br>Beidh spéis ag gníomhaireachtaí Rialtais má lorgaíonn gnólachtaí airgead nó cúnamh eile. | 2@4 (2+2) |

**Ceist 6**

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na luachanna saothair a úsáidtear chun fostaithe a spreagadh.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **(A)** | | **Amráta**<br>Tugtar luach saothair de mhéid seasta in aghaidh na huaire ar feadh líon seasta uaireanta d'fhostaithe. Íoctar uaireanta a oibrítear thar agus os cionn an líon seasta uaireanta, ag ráta níos airde ar a dtugtar ragobair e.g. am go leith nó am dúbailte.<br><br>**Táscráta**<br>Tugtar luach saothair **in aghaidh na míre a tháirgtear/an phoist a chuirtear i gcrích** don fhostaí. D'fhéadfadh fadhbanna rialaithe cáilíochta a bheith ann de thoradh an mhodha seo toisc go bhféadfadh fostaithe iarracht a dhéanamh an oiread míreanna agus is féidir leo a tháirgeadh chun a dtuilleamh a mhéadú.<br><br>**Coimisiún**<br>Íoctar **céatadán de na díolacháin iomlána** atá bainte amach acu le fostaithe. Íoctar é sin de ghnáth anuas ar íocaíocht chomhréidh. Gabhann buntáiste leis mar go spreagann sé díolachán go díreach.<br><br>**Tuarastal**<br>Is **é tuarastal a íoctar le fostaithe i méideanna cothroma**, ar bhonn seachtainiúil, gach ré seachtain nó ar bhonn míosúil.<br><br>**Sochar Comhchineáil (más incháinithe)**<br>Sócmhainn a úsáid mar chineál luach saothair. E.g. Carr cuideachta ar fáil i gcomhair úsáid phríobháideach. D'fhéadfaí iasachtaí tosaíochta, cóiríocht in aisce nó fóirdheontais, etc. a bheidh san áireamh.<br><br>**Bónas**<br>Suim airgid a thugtar **nuair a bhaintear sprioc ar leith amach**, e.g. ag táirgeadh líon aonad atá os cionn na teorann comhaontaithe.<br><br>**Scéim roinnte brabúis**<br>Is ionann í seo agus scéim ina n-íoctar cuid de bhrabúis an ghnólachta le fostaithe ar bhonn comhaontaithe. Déantar an scéim a riar agus íoctar brabúis le fostaithe d'fhonn iad a spreagadh chun bheith níos táirgiúla.<br><br>**Scéim scairúinéireachta d'fhostaithe:**<br>D'fhéadfaí scaireanna a thabhairt d'fhoireann in ionad bónais airgid, rud a choimeádann spéis an fhostaí sa phost/tugann scéimeanna scair-rogha rogha d'fhostaithe scaireanna a cheannach i gcuideachta ag praghas sonraithe am éigin amach anseo. | 3@5 (2+3) |

**(B)** Ó na figiúirí atá tugtha thíos do 2016, déan iad seo a leanas a ríomh do Dhearadh Cónochta Teo. (**Taispeáin do chuid oibre.**)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha |
|---|---|---|---|
| **6** | **(B)** | (i) | **(i) Corrlach an Ghlanbhrabúis 15.2%**<br>**(ii) Cóimheas Reatha 1.25:1**<br>**(iii) Toradh ar Infheistíocht 4%**<br>**(iv) Cóimheas Fiachais/Cothromais: 1.1:1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Corrlach an Ghlanbhrabúis:** | Glanbhrabús x100 (1m)<br>Díolacháin | 30,400 (1m) x 100<br>200,000(1m) | **15.2%**<br>**1m** |
| **Cóimheas Reatha** | Sócmhainní Reatha:<br>Dliteanais Reatha (1m) | 20,000:16,000<br>(1m) (1m) | **1.25:1**<br>**1m** |
| **Toradh ar Infheistíocht** | Glanbhrabús x100<br>Caipiteal in Úsáid (1m) | 30,400 (1m) x 100<br>300,000+400,000+60,000<br><br>1m+1m+1m | **4%**<br>**1m** |
| **Cóimheas Fiachais/Cothromais** | Fiachas:Cothromas (1m) | 400,000: (300,000+60,000)<br>(1m) 1m+1m | **1.1:1**<br>**2m** |

**Is fiú 1 mharc gach foirmle agus figiúr cé is moite den fhreagra ar Chothromas Fiachais ar fiú 2 mharc é. Ní mór go mbeadh na freagraí san ord ceart chun marcanna a bhronnadh.**

**(C)** **(i)** Déan anailís ar bhrabúsacht **agus** ar leachtacht Dhearadh Cónochta Teo. in 2016,agus tú ag tagairt do thorthaí 2015 a thaispeántar sa bhosca thuas.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **(C)** | (i) | **<u>Brabúsacht</u>**<br>Tá laghdú ar Chorrlach an Ghlanbhrabúis ó 20.5% anuas go 15.2%<br><br>Tá laghdú ar an Toradh ar Infheistíocht ó 8% go 4%.<br><br>Anailís ar threochtaí:<br>Corrlach an Ghlanbhrabúis**:** Beidh gá le mór-athbhreithniú ar a chostais chomh maith le hathbhreithniú ar a straitéis díolachán/beidh gá amhábhair níos saoire a lorg/praghsanna díolacháin a mhéadú.<br><br>Beidh imní ar scairshealbhóirí an ghnó faoin laghdú sin ar an Toradh ar Infheistíocht (brabúsacht), toisc go bhféadfaidís toradh níos fearr a fháil ar a n-infheistíocht in áit éigin eile etc.<br><br>**<u>Leachtacht</u>**<br>Tá laghdú ar an gCóimheas Reatha ó 2:1 go 1.25:1<br><br>Anailís ar an treocht:<br>Níl sé seo sásúil don ghnó mar cé go bhfuil a ndóthain acu chun a bhfiachais ghearrthéarmacha a íoc, tá meath tagtha ar leachtacht. Beidh imní ar sholáthraithe faoi seo/d'fhéadfaidís línte atá mall ag díol a dhíol chun leachtacht a fheabhsú etc. | <br>2m<br><br>2m<br><br>Anailís ar an dá threochtaí 2m<br><br>2m<br><br>2m<br><br>Anailís ar threocht (2 + 2)m |

**(C)** **(ii)** Ar chóir do Dhearadh Cónochta Teo. a ghnó a leathnú? Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** le do fhreagra.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **(C)** | (ii) | **Níor chóir.**<br><br>Níor chóir don ghnó leathnú toisc go bhfuil meath ar na príomhtháscairí airgeadais go léir.<br><br>NÓ<br><br>D'fhéadfadh sé a bheith deacair airgead fadtéarmach a fháil i gcomhair leathnú toisc go bhfuil an cóimheas fiachais/cothromais méadaithe. Ní mór ús a íoc beag beann ar bhrabúis/Tá an t-airgead fiachais ag €400,000 cheana féin etc. | 2m<br><br>(Uas 1m)<br><br>3m |

**(C)** **(iii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá theorainn a bhaineann le cóimheasa a úsáid chun anailís a dhéanamh ar chuntais deiridh gnólachta.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **(C)** | (iii) | Ní chuirtear na nithe seo a leanas san áireamh i gcóimheas airgeadais:<br>**1.** Ní chuirtear caidreamh na foirne leis an mBainistíocht san áireamh/tá sé deacair an timpeallacht agus meon na n-oibrithe sa ghnó a mheas.<br>**2.** D'fhéadfadh sé nach dtaispeánfaí **sócmhainní** ag a bhfíorluach.<br>**3.** Tá cóimheasa bunaithe ar fhigiúirí don **am atá thart** agus ní ar fhigiúirí tuartha don todhchaí.<br>**4.** Ní sheasann na Cuntais Deiridh ach ar feadh **bliain áirithe**/Níl Cláir Chomhardaithe fíor ach amháin **ar an lá a scríobhtar iad.**<br>**5.** Ní chuirtear an timpeallacht ghnó san áireamh i.e. **iomaíocht/cúlú geilleagrach/tionchar ón taobh amuigh etc.**<br>**6.** Cuireann **boilsciú/díbhoilsciú** isteach ar an gcomparáid a déantar ar chóimheasa ó thréimhse amháin go tréimhse eile.<br>**7.** Féadtar **beartais chuntasaíochta dhifriúla** a úsáid ó bhliain go bliain. | 4m + 2m |

**Ceist 7**

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma **margadh nideoige** agus tú ag tagairt d'Éadaí Fantaisíochta Teo.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | (A) | (i) | **Deighleog bheag an mhargaidh** ina bhféadfadh gnólacht speisialú ó thaobh soláthair de/Deighleoga beaga speisialaithe **de mhargadh níos mó.** Téann gnólachtaí beaga isteach i margaí nideoige de ghnáth mar gheall ar ghné speisialaithe / riachtanais an mhargaidh: d'fhéadfadh an deighleog nideoige a bheith chomh beag is nach mbeadh an tsolúbthacht ná an fonn ar na gnólachtaí móra dul isteach ann.<br>Fáinní diamaint/bróga brídeoige/gúnaí don chéad chomaoineach/éadaí leanaí/cathaoireacha rothaí iompair speisialaithe.<br><br>Tagairt do Fantasia de dhíth 1m | (5+1) |

**(ii)** Léirigh na himpleachtaí do ghnólacht a bhaineann le bheith ag feidhmiú i margadh nideoige.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | (A) | (ii) | Áirítear le **freagraí féideartha:**<br><br>**Ní bhíonn ann ach beagán iomaíochta nó ní bhíonn aon iomaíoch ann/margadh beag**<br>Murab ionann agus margaíocht ghinearálta ina mbíonn iomaíocht sa mhargadh tréan, bíonn **níos lú iomaíochta** ag lucht margadh nideoige sa mhargadh toisc go mbíonn siad **ag déileáil le táirge sonrach le haghaidh deighleog bheag den mhargadh.**<br><br>**Níos lú infheistíochta ag teastáil**<br>De réir mar a tháirgeann siad earraí teoranta don mhargadh nideoige d'fhéadfadh sé nach dteastódh an oiread infheistíochta.<br><br>**Bonn costais ard**<br>Bíonn amhábhair níos daoire i gceist le speisialú táirgí, bíonn foireann ardoilte ag obair orthu agus bíonn próiseas jabtháirgeacht/ baisctháirgthe/agus seirbhís phearsanta i gceist. Bíonn costais an-ard i gceist don ghnó, dá bhrí sin, caithfidh siad praghas níos airde a ghearradh ar chustaiméirí.<br><br>**Níos lú riosca don ghnó/úsáid costas-éifeachtach as acmhainní/margaíocht níos dírithe**<br>D'fhéadfadh níos lú rioscaí/costas a bheith i gceist don ghnó toisc go ndírítear an mhargaíocht ar dheighleog an-bheag den mhargadh. | 7(4+3)+7(4+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Dílseacht bhranda/caidrimh dhílse le custaiméirí**<br>Bítear in ann dílseacht bhranda a chruthú do ghnóthaí nuair a bhíonn margaíocht nideoige i gceist. Féadfaidh na custaiméirí leanúint ag ceannach an bhranda chéanna, agus b'fhéidir go molfaidís an branda dá gcairde agus do dhaoine eile/Dírítear níos fearr ar chustaiméirí le fógraíocht dhírithe. Tá a fhios acu go maith cé hiad a sprioc-chustaiméirí agus ar an gcaoi sin freastalaíonn siad níos fearr ar a gcuid riachtanas.<br><br>**Corrlaigh Arda/brabúis arda/praghsanna arda**<br>Baineann siad corrlaigh arda amach mar gheall ar an luach breise atá ar na hearraí agus seirbhísí a thairgtear/Bíonn praghsanna níos daoire go minic ná earraí a dhéantar a olltáirgeadh/Táirgí ar ardchaighdeán/Lucht saothair ardoilte.<br><br>**Cáilmheas**<br>Is féidir le lucht margadh nideoige ainm agus cáil a bhaint amach dóibh féin sa mhargadh. Tuilleann Rolla Royce neart cáilmheasa.<br><br>D'fhéadfadh na seansanna **marthanachta laghdú** má bhítear ag brath go haonair ar tháirge amháin/Ní dhíoltar ach líon an-bheag de go hiondúil.<br><br>**D'fhéadfadh deacracht a bheith acu maoiniú a aimsiú** mar gheall ar chomh beag leis. | |

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** straitéis phraghsála a d'fhéadfadh bainisteoir margaíochta a chur san áireamh nuair a bhíonn praghas díolta táirge nó seirbhíse á shocrú.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | (B) | (i) | **Praghsáil bhisigh:**<br><br>Socraítear an praghas ag ráta ard chun dearcadh an tomhaltóra a léiriú, is é sin, gur **táirge barrmheasa é.**<br>Iontach do ghnóthaí beaga a dhíolann táirgí sainiúla (fáinní diamaint saincheaptha). Mar aon le táirge ardcháilíochta a fhorbairt, meascann siad margaíocht, poiblíocht agus pacáistiú táirge chun tacú leis an bpraghas ard.<br>D'fhéadfadh gné uathúil dhíolacháin nó buntáiste iomaíoch ar leith a bheith ag táirge.<br>BMW/Uaireadóir Rolex/Scaif Hermes/éadaí Fantasia do leanaí/Táirgí atá bunaithe ar theicneolaíochtaí nua (Cluichí 3T).<br><br>**Scimeáil praghsanna:**<br><br>Níos éifeachtaí go minic i laethanta tosaigh shaolré táirge/is beag dlúth-iomaitheoirí a bhíonn ann/ag socrú **praghsanna arda i rith na céime tosaigh** chun ioncam a uasmhéadú/cuidiú chun costais taighde agus forbartha a chumhdach agus na praghsanna á n-ísliú de réir mar a thagann táirgí iomaitheoirí ar an margadh.<br>D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach do ghnóthaí a bhfuil buntáiste mór iomaíoch acu. Faigheann gnóthaí deis brabúis mhóra a shaothrú ó "luath-ghlacadóirí" atá réidh chun an praghas ard a íoc ionas go mbeidh an táirge is déanaí nó is fearr ar an margadh acu, sula n-íslíonn siad an praghas le haghaidh tomhaltóirí atá íogair i leith praghsanna (Apple iPad/Sony iPhone). Ní féidir leis seasamh i bhfad toisc go dtiocfaidh táirgí iomaitheoirí ar an margadh. **D'fhéadfadh sé cabhrú le gnóthaí beaga a gcostais forbartha a fháil ar ais** agus tuairim a chruthú go bhfuil táirge eisiach ann nuair a chuirtear ar an margadh i dtosach é.<br><br>**Praghsáil threáite/praghsáil de réir sciar den mhargadh:**<br><br>**An praghas a shocrú níos ísle ná praghsanna an iomaitheora i dtús báire** chun áit a fháil sa mhargadh/sciar den mhargadh a fháil ó iomaitheoirí/líon na ndíolachán a mhéadú ("tairiscintí tosaigh speisialta"). D'fhéadfaí é sin a úsáid chun aird a tharraingt ó iomaitheoirí agus iarraidh ar thomhaltóirí an táirge a thriail, cé go bhféadfadh caillteanas ioncaim a bheith ann don ghnó ar an gcéad iarraidh amach.<br>Mar sin féin, de réir a chéile is féidir leis an méadú feasachta brabúis a mhéadú agus cuidiú le gnóthaí seasamh amach ó iomaitheoirí.<br>San fhadtréimhse d'fhéadfaidís a gcuid praghsanna a ardú mar léiriú ar a seasamh sa mhargadh. | 3@5 (2+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Praghsáil shíceolaíoch:**<br>Tugann tomhaltóirí freagra ar bhonn mothúchánach seachas ar bhonn loighciúil. Cruthaítear seachmall maidir le luach feabhsaithe chun an t-éileamh ar tháirge a mhéadú.<br>**Laethanta saoire sa ghrian €399.**<br><br>**Cuach-phraghsáil:**<br>Pacáistí Sky/Vodafone..................................................<br><br>**Costas móide praghsáil (praghsáil uasmharcála):**<br>Praghas a shocraítear chun costais a chumhdach (táirgeacht, margaíocht, dáileachán) agus áirítear leis corrlach brabúis de sprioc-chéatadán/céatadán seasta.<br><br>**Praghsáil chisealta:**<br>Is féidir le custaiméirí an leibhéal praghais is fearr a oireann dá mbuiséad a roghnú. Is féidir leat an múnla cairr bunúsach nó an múnla sócúlachta a cheannach. Cuidíonn sé le gnó cion níos mó den mhargadh a ghabháil.<br><br>**Praghsáil iomaíoch:**<br>Praghsanna a shocrú ag teacht le hiomaitheoirí.............................<br><br>**Idirdhealú praghsanna:**<br>Praghsanna difriúla a ghearradh ar an táirge céanna i gcodanna difriúla den mhargadh. Ticéid pictiúrlainne/ticéid aerthaistil.<br>**Eile**<br>Praghsáil shéasúrach/praghsáil de réir an mhargaidh/praghsáil bhuaiclóid/praghsáil chreachach (i.e. praghaschoimhlintí). | |

**(ii)** Ainmnigh straitéis phraghsála **amháin** a bheadh oiriúnach do tháirge nó do sheirbhís de do rogha féin agus mínigh an chúis le do rogha straitéis phraghsála.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **(B)** | (ii) | **Praghsáil bhisigh**<br>Gearrann an gnó praghas i bhfad níos airde ná a chuid iomaitheoirí d'aon ghnó chun áitiú ar cheannaitheoirí go bhfuil siad ag fáil táirge/seirbhís i bhfad níos fearr.<br>BMW/Uaireadóir Rolex/Scaif Heirméas/éadaí Fantasia do leanaí.<br>Eagrán teoranta daor de leabhar.<br><br>**Ní mór don Straitéis praghsála a roghnaítear a bheith oiriúnach don táirge/seirbhís atá ainmnithe ionas go mbronnfar 2 mharc air.** | (2+3)<br><br>Bronntar na 3 mharc mar seo a leanas (0,1,3) |

**(C)** Déan plé ar na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh nuair a bhíonn foinse airgeadais á roghnú.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **(C)** | | **Áirítear le freagraí féideartha:**<br>**Aidhm an mhaoinithe/an prionsabal meaitseála:**<br>Ba cheart an chúis atá leis an maoiniú a chur san áireamh. An bhfuil an maoiniú ag teastáil chun an gnólacht a reáchtáil ó lá go lá nó chun leathnú gnó a mhaoiniú? Ní mór riachtanais ghearrthéarmacha a mhaoiniú ó fhoinsí gearrthéarmacha (e.g. Féadfar rótharraingt bainc nó creidmheas trádála a roghnú chun stoc a fháil.) Teastóidh foinsí maoinithe fadtréimhseacha chun freastal ar riachtanais fhadtéarmacha (cothromas, bintiúir).<br><br>**Méid an ghnó/an cineál gnó:**<br>D'fhéadfadh gnóthaí/cuideachtaí níos mó a bheith in ann maoiniú a fháil níos éasca ná GBManna.<br><br>**An méid maoinithe a theastaíonn:**<br>Má theastaíonn suimeanna móra roghnaítear foinse maoinithe fhadtéarmach go hiondúil toisc gur féidir leat na costais a scaipeadh amach thar thréimhse ama níos faide.<br><br>**Costas an mhaoinithe:**<br>Tá maoiniú fiachais daor toisc nach mór aisíocaíochtaí a dhéanamh gach mí, agus seachnaíonn maoiniú cothromais agus tuillimh choimeádta íocaíochtaí daora gach mí.<br><br>**Urrús/urrús comhthaobhach ag teastáil:**<br>Éilíonn roinnt foinsí maoinithe urrús ón ngnó. B'fhéidir go gcaithfí sócmhainní a chur ar leataobh ar fhaitíos mainneachtana níos déanaí. Tá an gnó teoranta sa mhéid is féidir leis a dhéanamh leis na sócmhainní fad is atá siad mar urrús ag an iasacht.<br>**Riosca don ghnó:**<br>Tá riosca ag baint le gach foinse maoinithe fiachais agus ní mór don ghnó anailís riosca a dhéanamh roimh ré chun an leibhéal riosca don ghnó a mheas.<br>**Tionchar ar úinéireacht/smacht:**<br>D'fhéadfadh foinsí difriúla maoinithe tionchar a imirt ar úinéireacht agus ar smacht i ngnó. Nuair a eisítear tuilleadh scaireanna is féidir úinéireacht agus smacht a scaipeadh ar thuilleadh daoine. Beidh cead cainte ag breis scairshealbhóirí maidir leis an ngnó agus beidh siad i dteideal díbhinní sa todhchaí.<br>**Eile**<br>**Staid airgeadais reatha/giaráil reatha……………………………….**<br>**An cumas aisíoc/sreabhadh airgid/leibhéal gcúlchistí……………………….**<br>**Impleachtaí cánach**............<br>**CRÍOCH** | 7(4+3)+7(4+3)<br>+6(3+3) |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |